RÚN (AE) 2022/1697 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA

an 4 Bealtaine 2022

maille le barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn III — an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint dá chinneadh maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2020, Roinn III — an Coimisiún,

— ag féachaint dá cinntí maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséid na ngníomhaireachtaí feidhmiúcháin don bhliain airgeadais 2020,

— ag féachaint do Riail 99 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha, ón gCoiste um Fhorbairt, ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um an gComhshaol, ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas, ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile, ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0127/2022),

A. de bhrí gur ionstraim shuntasach é buiséad an Aontais chun cuspóirí comhchoiteanna beartais a ghnóthú, agus gurb ionann ar an meán é agus 1,1 % d'ollioncam náisiúnta an Aontais nó 2,4 % de chaiteachas ginearálta rialtais na mBallstát agus den chaiteachas poiblí iomlán san Aontas;

B. de bhrí, nuair a dheonaíonn an Pharlaimint urscaoileadh don Choimisiún, go bhfíoraíonn sí agus go ndéanann sí meastóireacht ar cé acu a úsáideadh nó nár úsáideadh cistí i gceart agus a baineadh nó nár baineadh spriocanna beartais amach tar éis iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha, agus ar an gcaoi sin go ndeimhnítear rialtacht agus feidhmíocht chaiteachas an Choimisiúin ó thaobh luach airgid de;

Tosaíochtaí polaitiúla

1. ag meabhrú a tiomantais láidir do na bunphrionsabail a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena n-áirítear bainistíocht fhónta airgeadais mar a leagtar amach in Airteagal 317 agus an comhrac in aghaidh na calaoise mar a leagtar amach in Airteagal 325;

2. ag tabhairt chun suntais a thábhachtaí atá buiséad an Aontais chun tosaíochtaí polaitiúla an Aontais a bhaint amach, chomh maith leis an ról atá aige cuidiú leis na Ballstáit i gcásanna gan choinne amhail paindéim COVID-19 agus na hiarmhairtí a bhain leis sin; á chur i bhfáth go gcuidíonn cur chun feidhme fónta agus tráthúil an bhuiséid le haghaidh a thabhairt ar bhealach níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí ar na riachtanais agus ar na dúshláin sna réimsí éagsúla beartais; ag tabhairt rabhadh go bhféadfadh, agus an buiséad á chur chun feidhme faoi bhrú ama, go méadófaí earráidí agus mírialtachtaí;

3. á chur i bhfios go láidir a ábhartha atá an tuairisciú ar fheidhmíocht chláir bhuiséad an Aontais don nós imeachta um urscaoileadh; ag tarraingt aird ar an bhfíoras go bhfuil dlúthbhaint ag breisluach na n-acmhainní infheistithe leis na torthaí a bhaintear amach agus an méid a chuireann siad le feabhas a chur ar shaol laethúil shaoránaigh an Aontais;

4. á athdhearbhú gur cúis imní mhór di an staid maidir leis an smacht reachta i roinnt Ballstát, ar cúis mhór imní é ann féin é agus a bhfuil caillteanais thromchúiseacha as buiséad an Aontais mar thoradh air, agus ag cur béim an athuair ar a hiarrataí ar an gCoimisiún gach uirlis atá ar fáil a úsáid chun deireadh a chur leis na sáruithe tromchúiseacha leanúnacha ar an smacht reachta agus chun riosca na gcaillteanas sin a theorannú. Ba cheart a áireamh leis sin cur i bhfeidhm iomlán láithreach Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (an "Rialachán maidir le Comhréireacht Dlí") trí fhógra i scríbhinn faoi Airteagal 6(1) den Rialachán sin a chur chuig na Ballstáit lena mbaineann;

[1] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1).

5. á chur i bhfáth, ina rún maidir le Tuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta, gur iarr an Pharlaimint cheana féin ar an gCoimisiún beart a dhéanamh láithreach faoin Rialachán maidir le Comhréireacht maidir leis an Smacht Reachta agus leas iomlán a bhaint as na huirlisí imscrúdaithe atá aige cheana féin gan a thuilleadh moille chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sa smacht reachta sna Ballstáit a dhéanann difear do bhainistiú fónta airgeadais bhuiséad an Aontais nó a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo; ag cur sonrú sa rialú a rinne an Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Chúirt Bhreithiúnais) le déanaí lena ndeimhnítear go bhfuil an Rialachán maidir le Coinníollacht maidir leis an Smacht Reachta i gcomhréir le Conarthaí AE agus go háirithe, lena gcuirtear i bhfios nach féidir comhlíonadh na gcomhluachanna ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe a laghdú go hoibleagáid chun dul isteach san Aontas agus a bhféadfaidh tír neamhaird a dhéanamh de ansin tar éis an aontachais; ag tabhairt dá haire gur cúis imní mhór di, in ainneoin an rialaithe ón gCúirt Bhreithiúnais le déanaí, agus go leor iarrataí ón bParlaimint, nach ndearna an Coimisiún an Rialachán Coinníollachta maidir leis an Smacht Reachta a chur i bhfeidhm go fóill; ag tabhairt dá haire gur fhógair an Coimisiún ar deireadh i mí Aibreáin 2022 gur tionscnaíodh an Sásra Coinníollachta den chéad uair riamh agus á mheabhrú a thábhachtaí atá sé cearta faighteoirí deiridh agus tairbhithe de chistiú an Aontais a chosaint; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, mura gcuirtear an Rialachán sin i bhfeidhm, go bhfuil moill á chur ag an gCoimisiún ar a dhualgas mar Chaomhnóir na gConarthaí a chomhlíonadh;

6. á chreidiúint gur uirlis úsáideach í tuarascáil bhliantúil an Choimisiúin maidir leis an Smacht Reachta chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar staid an Smachta Reachta i ngach Ballstát agus ar fhorais chomhchosúla; á chur a himní in iúl, áfach, nach gcuirfidh an tuarascáil feabhas ar an staid sna Ballstáit gan moltaí soiléire agus sonracha a thabhairt do rialtais AE; á chur i bhfáth freisin gur gá idirdhealú soiléir a dhéanamh sna tuarascálacha bliantúla idir easnaimh ar leith agus easnaimh shistéamacha i ndáil leis an Smacht Reachta; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí atá i Rún ón bParlaimint an 24 Meitheamh 2021 maidir le Tuarascáil 2020 ón gCoimisiún maidir leis an Smacht Reachta a chur chun feidhme;

7. á áitiú go n-áiritheodh an Coimisiún go ndéanfadh gach eagraíocht (de chuid an Aontais nó idirnáisiúnta) a sholáthraíonn cabhair sheachtrach an smacht reachta agus cearta an duine a urramú i dtíortha a fhaigheann an chabhair sin; á chur i bhfáth, go háirithe, gur gá a ráthú nach ndéanfar aon chistí de chuid an Aontais, ó thríú páirtithe agus/nó ó dhaoine nádúrtha, a leithdháileadh nó a nascadh le cúis nó cineál ar bith sceimhlitheoireachta agus/nó le radacú reiligiúnach agus polaitiúil;

8. á chur i bhfios go láidir go bhfuil tuilleadh tionscnamh chun cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú níos riachtanaí fós anois le teacht i bhfeidhm ionstraim NextGenerationEU, trína n-éireoidh eisíocaíochtaí iomlána ó bhuiséad an Aontais i bhfad níos mó sna blianta atá le teacht; á chur i bhfios go láidir, ar an ábhar sin, gur cheart don Choimisiún a áirithiú freisin go mbeidh na hacmhainní agus an fhoireann is gá ag OLAF, ag an gCúirt Iniúchóirí (an "Chúirt") agus ag OIPE chun imscrúdú a dhéanamh ar chásanna féideartha calaoise i gcoinne bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gur aistrigh OLAF 9 baill foirne chuig OIPE in 2020 mar aon le 9 baill foirne eile in 2021; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh an laghdú suntasach sin ar an bhfoireann cumas OLAF a shainordú a chomhlíonadh go héifeachtúil a chur i mbaol i ngeall ar easpa foirne agus ró-ualach; á iarraidh, dá bhrí sin, go méadófaí plean bunaíochta OLAF (go háirithe saineolaithe fóiréinseacha agus TF) chun na haistrithe foirne chuig OIPE a chúiteamh;

9. ag tabhairt dá haire, bunaithe ar Airteagal 22 den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ([2]) (Rialachán RRF), gurb iad na Ballstáit atá freagrach as cosaint leasanna airgeadais an Aontais a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil ról tábhachtach ag an gCoimisiún chun a áirithiú go bhforáiltear leis na córais náisiúnta iniúchóireachta maidir le faisnéis inchreidte, iontaofa agus ábhartha; á chur i bhfáth gur gá cur le hacmhainn riaracháin na mBallstát agus an Choimisiúin chun bainistíocht fhónta airgeadais a áirithiú, lena n-áirítear calaois, éilliú agus coinbhleachtaí leasa a chosc, a bhrath agus a cheartú go héifeachtach, chomh maith le cistiú dúbailte a sheachaint; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Coimisiún freagrach as cúnamh teicniúil agus seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil chun feabhas a chur ar acmhainn riaracháin faoi seach na mBallstát; á iarraidh ar an gCoimisiún forléargas a thabhairt don údarás um urscaoileadh ar na bearta sonracha a rinneadh chun soláthar foirne iomchuí sa Choimisiún agus sna hinstitiúidí ábhartha (eadhon an Chúirt, OLAF, OIPE, Europol agus Eurojust) chun a gcuid freagrachtaí faoi seach a chur i gcrích; á iarraidh ar an gCoimisiún ráiteas dearbhaithe a chur ar fáil maidir leis na sonraí feidhmíochta le haghaidh chur chun feidhme na Saoráide ina Thuarascáil Bhliantúil ar Bhainistíocht agus ar Fheidhmíocht (AMPR);

10. ag tathant ar an gCoimisiún leas a bhaint gan mhoill as na modhanna atá ar fáil dó, amhail ionstraimí fionraíochta a úsáid i gcásanna inar dearbhaíodh gurbh ann d'easnaimh thromchúiseacha sna córais bhainistíochta agus rialaithe;

([2]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17).

11. ag cur béim ar an bhfíoras nach féidir leis an gCoimisiún, tar éis dó éilimh arís agus arís eile a fháil ón bParlaimint déanamh amhlaidh, liosta a chur ar fáil fós de na faighteoirí a fhaigheann an sciar is mó de chistí an Aontais faoi bhainistíocht chomhroinnte agus go bhfuil sé sin ina bhac mór ar an measúnú ar rioscaí a bhaineann le caiteachas an Aontais agus ar thrédhearcacht fhoriomlán a chaiteachais; á chur i bhfios gur dóigh léi nach leor na freagraí agus na míniúcháin ar an tsaincheist sin a chuir an Coimisiún ar fáil don Pharlaimint agus go raibh iarrachtaí an Choimisiúin an bunachar sonraí sin a bhunú neamhéifeachtúil agus nár éirigh leo;

12. á mheas go bhfuil an díospóid fhadtéarmach maidir leis an gcoinbhleacht leasa idir an Coimisiún agus Andrej Babis, iar-Phríomh-Aire na Seice, mí-éifeachtach agus rófhada; ag athdhearbhú nach ndearnadh aon ghníomhaíocht chinntitheach maidir le coinbhleacht leasa an Phríomh-Aire Babis agus gur droch-theist é ar an gCoimisiún gurbh iad na toghcháin a chuir deireadh leis an gcoinbhleacht leasa i ndeireadh na dála; ag cur sonrú san fhíoras go ndearna an Príomh-Aire Babis caibidlíocht, lena linn sin, ar an gCreat Airdeadais Ilbhliantúil agus ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) thar ceann na Seicia;

13. á chur i bhfáth go bhfuil baol tromchúiseach ann gur lean méid na ngealltanas nár úsáideadh (RAL) de bheith ag ardú as cuimse ag deireadh 2020 agus gur shroich sé EUR 303,2 billiún; ag admháil go bhfuil leibhéal áirithe ceangaltas gan íoc ina iarmhairt nádúrtha ar chóras buiséid an Aontais lena ngabhann leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí agus leithreasuithe íocaíochta ach á chur i bhfios go láidir go gcruthaítear riosca do dhea-fheidhmiú an bhuiséid amach anseo de bharr mhéid na gceangaltas gan íoc arb ionann é agus díol dhá bhliain iomlána de leithreasaí íocaíochta a chuirfí faoi bhrú tromchúiseach agus a d'fhéadfadh a bheith ina bhaol tromchúiseach do leachtacht bhuiséad an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn sa chur chun feidhme sna Ballstáit, go háirithe i gcásanna cur chun feidhme tearc agus rátaí ísle glactha agus anailís de réir tíre a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh, agus na fadhbanna athfhillteacha á sainaithint, chomh maith leis na bearta a rinneadh chun an staid a bharrfheabhsú; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, maidir leis an méadú rialta bliantúil ar na gealltanais gan íoc, i bhfianaise na hionstraime NextGenerationEU atá ar na bacáin agus i bhfianaise chaiteachas an Aontais atá méadaithe go mór, gurb ábhar tosaíochta é don Choimisiún plean mionsonraithe gníomhaíochtaí a ullmhú chun méid na ngealltanas gan íoc a laghdú; á iarraidh ar an gCoimisiún an plean sin a thíolacadh don údarás um urscaoileadh;

14. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an ráta glactha carnach ó Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (CSIE) fós thart ar 7 % níos ísle ná mar a bhí faoin CAI roimhe sin, in ainneoin na taithí a fuarthas ó CAI roimhe sin agus an chabhair agus an comhar a chuir an Coimisiún ar fáil trí chúnamh teicniúil; ag moladh don Choimisiún leanúint dá chuid oibre leis na Ballstáit, lena n-áirítear trí chúnamh teicniúil chun cur le cumas na mBallstát leas a bhaint as na cistí a leithdháiltear orthu agus dlús a chur leis an iarracht chun ráta glactha Chistí SIE a mhéadú gan cur isteach ar cháilíocht na dtionscadal agus ar na hiarrachtaí a dhéantar chun mí-úsáid agus calaois chistí an Aontais a sheachaint; á iarraidh ar an gCoimisiún cúnamh a thabhairt do thíortha, i gcás inar gá, tionscadail incháilithe a aimsiú, go háirithe tionscadail a bhfuil breisluach soiléir Eorpach ag baint leo; á iarraidh ar an gCoimisiún an tascfhórsa le haghaidh cur chun feidhme níos fearr (TFBI) a athsheoladh chun an ráta glactha a mhéadú agus chun dea-chleachtais a fhorbairt i measc na mBallstát;

15. á chur i bhfios go láidir go bhfuil sí tar éis a iarraidh go tréan agus go minic ar an gCoimisiún agus ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid dhomhanda agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe don tuairisciú, don fhaireachán agus don iniúchadh; ag cur in iúl gur cheart a áireamh leis sin bunachar sonraí idir-inoibritheach éigeantach a bhunú ina mbeadh tairbhithe cistí ó chláir uile an Aontais; á aithint gur mhol an Coimisiún go mbainfí úsáid as uirlis aonair mianadóireachta sonraí agus coinneála scóir maidir le riosca le haghaidh cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte agus le RRF; ag tabhairt dá haire nár coinníodh é sin sna téacsanna a glacadh; á thabhairt chun suntais gur cheart don chóras sin tógáil ar aitheantóirí uathúla do gach faighteoir, lena n-áirítear faisnéis faoina dtairbhithe cinn scríbe agus gur cheart úsáid córas lena n-áirítear an uirlis mianadóireachta sonraí, ARACHNE, ach gan a bheith teoranta don uirlis sin, a áirithiú go huathoibríoch, chun foráil a dhéanamh don chosaint is fearr is féidir ar airgeadas an Aontais; á chur i bhfios go láidir nach mór don chóras comhtháite idir-inoibritheach sin a bheith in ann na méideanna aonair uile a fhaigheann an tairbhí nó an t-úinéir tairbhiúil céanna a chomhiomlánú ina aon suim iomlán amháin; ag tabhairt dá haire go bhfuil an digitiú sin de dhíth láithreach agus fíor-riachtanach i bhfianaise chineál trasteorann na mí-úsáide cistí, na calaoise, na míleithreasuithe, na gcoinbhleachtaí leasa, an chistithe dhúbailte agus fadhbanna sistéamacha eile; á chur i bhfios go láidir gur cheart an uirlis aonair mianadóireachta sonraí sin a bheith inchuardaithe gan stró agus ar fáil do OLAF, do OIPE agus don Choimisiún, chun feabhas a chur ar chosaint bhuiséad an Aontais agus NextGenerationEU i gcoinne neamhrialtachtaí, calaoise agus coinbhleachtaí leasa;

16. á chur i bhfáth gur gá na réimsí ina n-úsáidtear an Córas Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) a mhéadú de bhreis ar an mbainistiú díreach agus á iarraidh ar an gCoimisiún é a úsáid le haghaidh chistí uile an Aontais, lena n-áirítear cistí atá faoi bhainistiú comhroinnte: ag tabhairt dá haire nach mór úsáid shistéamach a bhaint as EDES chun a áirithiú nach féidir le cuideachtaí ná le húinéirí tairbhiúla a ciontaíodh i ndáil le calaois, le héilliú nó le gníomhaíochtaí tromchúiseacha coiriúla eile tairbhe a bhaint as cistí an Aontais; á chur i bhfáth a ghátaraí atá sé na táscairí in

ARACHNE a chomhchuibhiú le forais eisiaimh EDES chun a áirithiú go mbeidh oibreoirí eacnamaíocha eisiata infheicthe in ARACHNE freisin; á iarraidh go mbeadh idir-inoibritheacht uasta ann idir ARACHNE, EDES agus bogearraí eile chun baint den ghá atá le hítimí faisnéise a chur isteach i gcórais TF éagsúla arís agus arís eile agus an t-ualach riaracháin a ghabhann leis sin a choinneáil chomh híseal agus is féidir;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún obair iardain a dhéanamh ar thuarascáil tionscnaimh na Parlaiminte a bhaineann le hathbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais ([3]) agus ar tuarascáil na Parlaiminte maidir le tionscnamh reachtach (INL) ar dhigitiú an tuairiscithe, an fhaireacháin agus na hiniúchóireachta Eorpaí ([4]), lena ngabhann moltaí sonracha maidir le hathbhreithniú ar an Rialachán Airgeadais;

18. á chur in iúl gur geal léi foilsiú na treorach maidir le coinbhleachtaí leasa a sheachaint faoin Rialachán Airgeadais i mí Aibreáin 2021 – tar éis é a dháileadh ar na Ballstáit i mí Lúnasa 2020 – lena gcuirtear chun cinn léirmhíniú aonfhoirmeach na rialacha ar fud na modhanna bainistíochta go léir; ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún a áirithiú go ndéanfar meastóireacht chuí ar na bearta coisctheacha a ghlac na Ballstáit chun coinbhleachtaí leasa a sheachaint; ag cur béim ar an bhfíoras go gcaithfear dul i ngleic go héifeachtúil agus go héifeachtach le gach cineál coinbhleachta leasa, lena n-áirítear laistigh d'institiúidí an Aontais;

19. á mheabhrú gur cheart tuarascálacha iniúchóireachta an Choimisiúin, lena n-áirítear i gcásanna coinbhleachta leasa, a fhoilsiú laistigh de thréimhse ama réasúnta, lena gcabhrófaí lena áirithiú go ndéanfaidh an t-iniúchadh na gníomhaíochtaí ceartaitheacha agus leantacha a mholtar a chur chun feidhme; ag meabhrú sheasamh an Choiste um Rialú Buiséadach, nach mór don Choimisiún, fiú sula gcuirfear bailchríoch ar an iniúchadh, faisnéis a roinnt leis an bParlaimint arna iarraidh sin di ionas go bhféadfaidh an Pharlaimint a feidhm grinnscrúdaithe pholaitiúil a fheidhmiú;

20. ag tabhairt dá haire go raibh paindéim COVID-19 ina réasúnú le hathruithe suntasacha a dhéanamh ar bhuiséad 2020 i bhfoirm aistrithe agus buiséad leasaitheacha chun go bhféadfadh an tAontas ionchur láidir a thabhairt chun cuidiú le maolú na ndúshlán ag eascairt ó phaindéim COVID-19 go háirithe trí vacsaíní a fhorbairt go tapa. ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur ghá iniúchtaí a dhéanamh go cianda den chuid is mó mar gheall ar phaindéim COVID-19; á chur in iúl gur geal léi an méadú atá tagtha ar an digitiú sna nósanna imeachta iniúchóireachta, gnóthachain éifeachtúlachta agus coigiltis costais ó chian-iniúchtaí, ach á chur i bhfios go láidir nach féidir le cian-iniúchtaí teacht go hiomlán in ionad rialuithe ar an láthair; ag tabhairt dá haire freisin go measann an Coimisiún, ar bhonn a mheasúnaithe riosca a bhain le COVID-19 a rinneadh in 2020, go raibh an leibhéal dearbhaithe coimircithe agus go bhfuil an riosca measta a bhaineann leis ó thaobh na híocaíochta agus ó thaobh dúnta de ionadaíoch do leibhéal na hearráide sna hidirbhearta airgeadais;

21. ag tabhairt dá haire go léirítear "earráid fhorleathan caiteachais" i dtuarascálacha bliantúla 2019 agus 2020 araon agus go dtugtar tuairim neamhfhabhrach iontu maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais; ag meabhrú chinneadh na Cúirte arís agus arís eile nach bhfuil sásraí rialaithe an Choimisiúin agus na mBallstát iontaofa go leor;

22. ag aithint aistriú céimseach na rialacha dídhílsithe do chlárthréimhse 2021-2027 ó N+ 3 (2021-2026) go dtí N+ 2 (2027) le haghaidh na gcistí bainistíochta comhroinnte faoi Rialachán na bhForálacha Coiteanna ([5]) (CPR), mar ar thacaigh an Pharlaimint leis; á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú agus cúnamh a thabhairt do na Ballstáit maidir le cur chun feidhme tráthúil a gclár; á chur i bhfios go láidir nár cheart an riail N+ 3 atá ann cheana a úsáid chun moill a chur ar an gcur chun feidhme, ach chun a áirithiú go mbeidh go leor ama ann chun tionscadail a chur i gcrích;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an údarás buiséadach a áirithiú go gcuirfear maoiniú leordhóthanach ar fáil le haghaidh iniúchtaí agus rialuithe ar chistí an Aontais i bhfianaise an mhéadaithe mhóir ar chistí a bheidh le híoc amach sna blianta seo romhainn faoin ionstraim chomhcheangailte CAI agus NextGenerationEU; ag tabhairt dá haire go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú ar chórais rialaithe na mBallstát agus go gcuirfidh sé treoir ar fáil chun córais fhónta faireacháin agus rialaithe a chur i bhfeidhm; á iarraidh ar an gCoimisiún measúnuithe mionsonraithe ar chórais iniúchóireachta agus rialaithe gach Ballstáit a chur ar fáil don údarás um urscaoileadh;

([3]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 24 Samhain 2021 maidir le hathbhreithniú an Rialacháin Airgeadais i bhfianaise theacht i bhfeidhm chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027, P9_TA(2021)0469.

([4]) Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Samhain 2021 maille le moltaí don Choimisiún maidir le tuairisciú, faireachán agus iniúchóireacht Eorpach a dhigitiú sa togra uaithi le haghaidh athbhreithniú an Rialacháin Airgeadais, arb athbhreithniú é atá le déanamh go luath, P9_TA(2021)0464.

([5]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159).

24. ag cur iúl athuair gurb cúis imní di nach ndéanann an Coimisiún ach iniúchadh ar ghnóthú na gcloch mhíle agus na spriocanna sula n-íocfaidh sé cistí RRF agus é á fhágáil faoi na Ballstáit ag an am céanna a áirithiú gur comhlíonadh na rialacha maidir le soláthar poiblí nó státchabhair; ag tabhairt dá haire go ndéanfaidh an Coimisiún iniúchtaí ar an gcóras chun a áirithiú go mbeidh rialuithe láidre curtha i bhfeidhm ag na Ballstáit chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint ar choinbhleachtaí leasa nó neamhrialtachtaí tromchúiseacha; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, áfach, nár cheart don Choimisiún, ina cháil mar Chaomhnóir na gConarthaí, a bheith ag brath ar iniúchtaí na mBallstát ar chomhlíonadh na rialacha is infheidhme chun cothroime iomaíochta a áirithiú maidir le hinfheistíochtaí faoin RRF; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún a chuid gníomhaíochtaí iniúchóireachta a leathnú thar iniúchtaí córais chun seiceálacha ar sholáthar poiblí agus rialacha maidir le státchabhair de réir a chuir chuige rioscabhunaithe a chur san áireamh; ag meabhrú i ndáil leis sin na lúb ar lár sa reachtaíocht náisiúnta i mBallstáit áirithe maidir le rialuithe éifeachtúla agus coinbhleachtaí leasa a chosc;

25. á athdhearbhú gur gá, chun cothromaíocht bhreise a bhaint amach idir na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, agus rialuithe níos fearr ar na réimsí is minice ina dtarlaíonn mírialtachtaí caiteachais, seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt d'iarratasóirí, d'iarratasóirí nua go háirithe, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do FBManna, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do na geallsealbhóirí ábhartha eile go léir; ag aithint go bhfuil dul chun cinn déanta trí athbhreithniú 2018 ar an Rialachán Airgeadais agus na feabhsuithe a tugadh isteach do chláir chaiteachais 2021-2027;

26. á chur i bhfáth go mbaineann tábhacht mhéadaithe le táscairí feidhmíochta, lena n-áirítear táscairí a roghnú, spriocanna agus clocha míle a shainiú agus faireachán agus tuairisciú a dhéanamh i bhfianaise na samhlacha nua seachadta don RRF agus don Chomhbheartas Talmhaíochta athchóirithe; á chur in iúl gur geal léi, i ndáil leis sin, obair an Choimisiúin chun feabhas a chur ar an bhfaireachán agus ar an tuairisciú a dhéantar ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais le táscairí níos cuíchóirithe agus cáilíochtúla, mar a léirítear i ngníomhartha bunúsacha na gclár caiteachais 2021-2027 a glacadh; ag tabhairt dá haire nach ionann cineál na gcloch mhíle, na spriocanna agus na dtáscairí aschuir; ag tabhairt dá haire go ndéanann RRF idirdhealú breise idir infheistíochtaí agus athchóirithe; á chur i bhfáth gur uirlis nua do na húdaráis iniúchóireachta faoi seach í an iniúchóireacht feidhmíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún forléargas a thabhairt ar an timthriall iomlán iniúchóireachta laistigh de na Ballstáit, mar aon le forléargas ar an gcomhar leis na húdaráis iniúchóireachta faoi seach, lena n-áirítear an Chúirt, chomh maith le OLAF agus OIPE;

27. ag moladh don Choimisiúin, don Chúirt agus don Chomhairle oibriú chun dlús a chur leis an bpróiseas um urscaoileadh go N+ 1, ag meabhrú dóibh nár cheat go mbainfeadh sé sin an bonn ó cháilíocht an phróisis;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den chothromaíocht inscne agus de chur chuige buiséadaithe inscne a chur chun cinn i ngach réimse caiteachais de chuid an Aontais ar bhealach beacht agus nithiúil; á chur in iúl gur geal léi an dul chun cinn atá déanta ag an gCoimisiún maidir le modheolaíocht an phríomhshruthaithe inscne agus maidir le modheolaíocht phíolótach a fhorbairt chun caiteachas a bhaineann le hinscne a rianú faoi CAI 2021-2027; á iarraidh ar an gCoimisiún an Pharlaimint a chur ar an eolas faoina thástáil féidearthachta maidir le cláir chistiúcháin an Aontais i gcomhthéacs dhréachtbhuiséad 2023;

29. á athdhearbhú gur gá dlús a chur leis na hiarrachtaí sa chomhrac i gcoinne na calaoise ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, i ndlúthchomhar le OIPE agus le OLAF; á chur in iúl gur mór aici na hiarrachtaí ar leith atá déanta ag OIPE agus á chur i bhfáth go bhfuil ról ag OIPE maidir le himscrúdú agus ionchúiseamh calaoise agus cionta coiriúla eile lena ndéantar difear do leasanna airgeadais an Aontais; á mheabhrú a thábhachtaí atá sé acmhainní leordhóthanacha airgeadais agus daonna a chur ar fáil do OIPE agus do OLAF;

30. á chur in iúl gur geal léi gur bunaíodh ioncaim nua dhílse chun na hiasachtaí a deonaíodh faoi NextGenerationEU (thart ar EUR 15 bhilliún sa bhliain go 2050) a aisíoc ó 2028 ar aghaidh, d'fhonn cosaint níos fearr a áirithiú do bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, de bharr an méid sin a dhéanamh, nach n-iompróidh na glúine atá le teacht ualach fiachais an Aontais agus nach mbeidh gá le cláir bhunriachtanacha de chuid an Aontais amhail Fís Eorpach, ESF+, Erasmus+ a laghdú;

31. á chur in iúl gur cúis bhuartha ar leith di cinntí na Cúirte go meastar go bhfuil go leor earráidí in obair roinnt údarás náisiúnta iniúchóireachta nó roinnt comhlachtaí deimhniúcháin agus dá bhrí sin go bhfuil sí neamhiontaofa, rud a bhaineann d'iontaofacht na sonraí do AMPR; á chur in iúl gurb oth léi nach ndearna an Coimisiún obair iardain ar an mbarúil shonrach sin, a áiríodh i rún 2019 ón gCoimisiún maidir le hurscaoileadh; ag dréim leis go gcuirfidh an Coimisiún soiléirithe ar fáil maidir leis an ngné sin;

Ráiteas dearbhaithe agus bainistiú buiséadach agus airgeadais na Cúirte

32. á chur in iúl gur geal léi, don bhliain 2020, go gcinneann an Chúirt go bhfuil cuntais an Aontais iontaofa, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus go bhfuil taobh an ioncaim den bhuiséad saor ó earráid ábhartha;

33. á chur in iúl gurb oth léi, don bhliain 2020, gur eisigh an Chúirt tuairim neamhfhabhrach maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais sa bhuiséad agus ag an am céanna á chur i bhfáth nach bhféadfadh an leibhéal earráide ag 2,7 % in 2020, arbh ionann é agus an leibhéal earráide don bhliain 2019, a bheith ar an leibhéal íosta earráide mar gheall ar an riosca braite a bhaineann leis an bhfíoras nach raibh an Chúirt in ann aon seiceálacha ar an láthair a dhéanamh mar gheall ar na srianta a forchuireadh mar thoradh ar phaindéim COVID-19; á chur i bhfios go láidir, áfach, nach dtugtar le fios go huathoibríoch le ráta earráide gur tharla calaois agus ag tabhairt dá haire gur tuairiscíodh sé chás fhéideartha calaoise d'Oifig Frith-Chalaoise an Aontais (OLAF) in 2020 i gcomparáid le naoi gcinn in 2019; á athdhearbhú gur gá dlús a chur le hiarrachtaí sa chomhrac i gcoinne na calaoise ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát araon, i ndlúthchomhar le OIPE agus le OLAF;

34. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt iniúchadh ar idirbhearta EUR 147,8 billiún i gcomparáid le caiteachas iarbhír EUR 173,3 billiún agus gurbh ionann an caiteachas ardriosca, ar caiteachas bunaithe ar aisíocaíocht é go príomha, agus EUR 87,2 billiún den phobal iniúchóireachta agus gurbh ionann an caiteachas íseal-riosca, ar caiteachas teidlíochtbhunaithe é go príomha, agus EUR 60,6 billiún;

35. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di go bhfuil an leibhéal measta earráide i gcás caiteachas ardriosca fós i bhfad os cionn na tairsí ábharthachta ag 4,0 % bunaithe ar idirbhearta iniúchta arna seiceáil ag an gCúirt, agus go bhfuil an leibhéal measta earráide faoi bhun na tairsí ábharthachta do chaiteachas lena mbaineann riosca íseal;

36. ag athdhearbhú na n-iarrataí a rinne an Pharlaimint ar an gCúirt sna rúin maidir le hurscaoileadh le blianta beaga anuas, eadhon an ráta earráide d'íocaíochtaí lena mbaineann riosca íseal a shainiú freisin, agus do gach caiteachas in CAI, chun an chaibidil maidir le "Riarachán" a leathnú chun anailís níos doimhne a dhéanamh ar na hinstitiúidí uile agus chun tionchar na mbeart ceartaitheach ar an leibhéal foriomlán earráide a cháiliú;

37. ag tabhairt dá haire gur cúis imní i gcónaí é go léirítear i gclár comhardaithe an Aontais gurbh ionann na dliteanais iomlána ag deireadh 2020 agus EUR 313,5 billiún, méadú EUR 62,0 billiún nó 24,7 % i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin (EUR 251,5 billiún);

38. ag tabhairt dá haire gur fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas an 1 Feabhra 2020 agus gur léirigh cuntais an Aontais an 31 Nollaig 2020 glansuim infhála EUR 47,5 billiún atá dlite ón Ríocht Aontaithe bunaithe ar na hoibleagáidí a shainítear sa Chomhaontú um Tharraingt Siar;

39. ag tabhairt dá haire gurbh í 2020 an bhliain dheireanach de CAI 2014-2020; á thabhairt chun suntais gur EUR 173,9 billiún san iomlán a bhí sa bhuiséad do 2020 agus sna buiséid leasaitheacha agus gur gealladh EUR 172,9 billiún de sin go hiarbhír agus gurbh ionann an buiséad agus na buiséid leasaitheacha agus EUR 164,1 billiún in íocaíochtaí agus gur caitheadh 161,8 go hiarbhír; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go ndearnadh íocaíochtaí EUR 9,9 billiún in ioncam sannta agus gur tugadh anonn EUR 1,6 billiún, rud a fhágann gur EUR 172,4 billiún atá sna híocaíochtaí ina n-iomláine;

40. ag tabhairt dá haire gur cúis bhuartha di nach bhfuil mórán dul chun cinn déanta maidir leis an ráta glactha carnach do chistí SIE, nár sheas fós ach ag 55 % (7 % níos ísle ná mar a bhí ag deireadh na bliana deireanaí de CAI roimhe sin), cé go raibh an ráta glactha bliantúil in 2020 mar an gcéanna leis an mbliain deiridh de CAI roimhe sin (15 %). ag tabhairt dá haire, ag deireadh 2020, nach raibh 45 % de na ceangaltais iomlána faoi chistí CEIS don tréimhse 2014-2020 íoctha amach, arb ionann é agus EUR 209 mbilliún agus gurb ionann é agus an phríomhchuid de na ceangaltais iomlána atá le híoc (RAL) arb ionann iad agus EUR 303 bhilliún;

41. ag cur sonrú sna freagraí mionsonraithe ar na hiarrataí sonracha a rinne an Pharlaimint mar chomhlánú ar an tuarascáil ón gCoimisiún maidir leis an obair iardain ar urscaoileadh don bhliain airgeadais 2019 [COM(2021) 405 final];

Cúinsí speisialta i ngeall ar phaindéim COVID-19

42. ag tabhairt dá haire, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, go ndearnadh na rialacha is infheidhme a mhaolú chun leachtacht bhreise a sholáthar chomh maith le solúbthacht eisceachtúil agus riachtanach do chaiteachas a bhaineann le COVID-19, lena n-áirítear ar leibhéal na rialacha agus na rialuithe riaracháin ar mhaithe le frithghníomh mear; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go méadaíonn sé sin an baol go mbeadh nósanna imeachta neamhthrédhearcacha ann, go ndéanfadh struchtúir choiriúla mí-úsáid agus calaois lena ndéantar iarracht drochúsáid a bhaint as staid ghéarchéime; ag cur sonrú i bhfaisnéis ó OLAF maidir le gníomhaíochtaí coiriúla a bhaineann le trealamh pearsanta sláinte agus sábháilteachta agus le tairiscintí vacsaíne bréige; á chur i bhfáth a ghátaraí atá rialuithe agus iniúchtaí *ex-post* i ndáil leis an méid sin;

43. ag tabhairt dá haire, de réir na faisnéise neamhfhoilsithe a cuireadh ar fáil don Chúirt, gur chuir an Coimisiún luach EUR 12,9 billiún de cheangaltais faoi bhainistiú díreach agus indíreach agus luach EUR 34,2 billiún de cheangaltais faoi bhainistiú comhroinnte chun críocha a bhaineann le paindéim COVID-19 le linn 2020; á chur in iúl gurb oth léi nár fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil go fóill maidir le caiteachas a bhaineann le COVID-19;

44. á chur in iúl gurb oth léi go raibh sé i bhfad níos deacra seiceálacha agus iniúchtaí ar an láthair a dhéanamh de bharr phaindéim COVID-19; ag tabhairt dá haire, áfach, go measann an Coimisiún, ar bhonn a mheasúnaithe riosca a bhaineann le COVID-19 a rinneadh in 2020, go ndearnadh leibhéal an dearbhaithe a choimirciú agus go bhfuil an riosca a mheastar a bhaineann leis ó thaobh na híocaíochta agus ó thaobh dúnta de ionadaíoch ar leibhéal na hearráide sna hidirbhearta airgeadais; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le níos mó cuairteanna iniúchóireachta pearsanta sa tréimhse atá le teacht chun bainistiú fónta iniúchóireachta a áirithiú;

Imthosca speisialta i ngeall ar ionstraim NextGenerationEU

45. ag tabhairt dá haire go méadófar go suntasach, le hionstraim NextGenerationEU mar aon le CAI 2021-2027, an leithdháileadh comhpháirteach cistiúcháin go breis agus EUR 1 800 billiún;

46. ag tabhairt dá haire thairis sin gur glacadh cuid mhaith den rialachán do na cláir fholuiteacha chaiteachais don tréimhse nua CAI níos déanaí go comparáideach ná mar a rinneadh le linn na CAInna roimhe sin, rud a mbeidh moill dhosheachanta ar an gclársceidealú agus ar an gcur chun feidhme mar thoradh air;

47. á chur i bhfáth go bhfuil an baol ann, mar gheall ar éifeacht chomhcheangailte ionstraim NextGenerationEU agus na moilleanna ar ghlacadh na reachtaíochta, go gcuirfí brú tromchúiseach ar acmhainneachtaí riaracháin sna Ballstáit agus sa Choimisiún, rud a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le tuilleadh earráidí, le níos lú rialaithe agus le caillteanais fhéideartha ó thaobh bhuiséad an Aontais;

48. ag tabhairt dá haire gur féidir le húsáid ionstraimí mianadóireachta sonraí agus measúnaithe riosca, amhail ARACHNE, cabhrú le coinbhleachtaí leasa, calaois, éilliú agus cistiú dúbailte a chosc agus cosaint ina n-aghaidh. ag tabhairt dá haire gur ghá do na Ballstáit faisnéis faoi thairbhithe an chláir, agus sonraí faoin úinéir tairbhiúil a bhailiú. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le Frithsciúradh Airgid go mbeadh ardán lárnach de chuid an Aontais ann, a bunaíodh cheana féin, ach nach bhfuil gach Ballstát nasctha leis go fóill; ag tabhairt dá haire gurb ann do chláir lárnacha de shonraí na dtairbhithe sna Ballstáit, ach nach bhfuil sonraí maidir le húinéirí taribhiúla iontu go léir;

49. ag tabhairt dá haire go bhfuil uirlisí faireacháin ríthábhachtach chun iniúchadh a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcloch mhíle agus na spriocanna; ag tabhairt dá haire go gceanglaítear ar na Ballstáit úsáid a bhaint as córas FENIX arna fhorbairt agus arna chur ar fáil ag an gCoimisiún; á chur in iúl gur díol sásaimh di an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta a chuir an Coimisiún ar bun chun forléargas amhairc agus so-úsáidte a chur ar fáil ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta, lena gcothaítear trédhearcacht, grinnscrúdú poiblí agus cuntasacht na Saoráide;

50. ag tabhairt dá haire, de réir Airteagal 60 de Rialachán RRF, gur cheart don Choimisiún, faoi réir imréiteach faisnéise íogaire nó rúnda, nó faoi réir socruithe iomchuí rúndachta, doiciméid ábhartha agus faisnéis ábhartha a tharchur, más gá, chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle go comhuaineach agus ar théarmaí comhionanna;

51. ag tabhairt dá haire gur chuir Parlaimint na hEorpa meitheal RRF ar bun, a bhunaíonn idirphlé idir Comhaltaí na gCoistí faoi seach agus an Coimisiún; ag tabhairt dá haire go bhfuil rannpháirtíocht na Parlaiminte agus na Comhairle ríthábhachtach chun maoirseacht dhaonlathach agus grinnscrúdú daonlathach a áirithiú; á chur i bhfáth go mbeidh tarchur luath agus iomlán doiciméad chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle ina ghné thábhachtach agus chinntitheach sa nós imeachta um urscaoileadh;

52. ag tabhairt dá haire gur cheart don Choimisiún, de réir Airteagal 31 de Rialachán RRF, tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme na Saoráide a thíolacadh don Pharlaimint agus don Chomhairle faoin 31 Iúil 2022;

53. ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt go dtiocfaidh méadú suntasach sna blianta atá le teacht ar neamhchosaint iomlán bhuiséad an Aontais mar gheall ar ionstraim NextGenerationEU agus go bhféadfadh sé go mbeadh sé cothrom le EUR 940 billiún faoi dheireadh 2023, ar méadú ollmhór é ó EUR 132 bhilliún ag deireadh 2020;

54. á iarraidh ar an gCoimisiún deiseanna breise a shainaithint chun cumas glactha na mBallstát a neartú tuilleadh trí infheistíocht a dhéanamh in acmhainní riaracháin, in oiliúint agus i mbainistiú cistí a dhigitiú;

Moltaí

55. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) anailís a dhéanamh do gach Ballstát aonair ar na cistí a fuarthas agus ar stádas an chur chun feidhme, i mí Bealtaine ar a dhéanaí don bhliain bhuiséadach roimhe sin, i gcomhthéacs tuarascáil bhliantúil dá bhforáiltear faoi Airteagal 31 de Rialachán RRF; ag dréim leis go bhfoilseoidh an Coimisiún an tuarascáil bhliantúil den chéad uair go luath sa dara leath de 2022 agus go gcuirfidh sí an t-údarás um urscaoileadh ar an eolas go pras faoi na torthaí;

(b) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairiscithe, faireacháin agus iniúchta agus córas éigeantach comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é a chuirfidh leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ach nach mbeidh teoranta dóibh sin amháin i gcomhthéacs na n-athbhreithnithe ar an Rialachán Airgeadais atá ar na bacáin; an Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta a fhorbairt lena áirithiú go mbeidh an cur síos ar chlocha míle agus sprioc agus toradh an iniúchta trédhearcach; a áirithiú go n-úsáidfidh na Ballstáit uile na córais agus na cláir lárnacha chun tuairisc a thabhairt ar úinéirí tairbhiúla agus tairbhithe deiridh;

(c) sraith seiceálacha agus rialuithe *ex-post* ar an láthair a dhéanamh ar sholáthar poiblí náisiúnta trí chistí an Aontais a úsáid agus aird á tabhairt ar na hiniúchtaí nó ar na tuarascálacha sna meáin a rinneadh cheana, lena gcuirtear in iúl an riosca suntasach do dhlíthiúlacht na nósanna imeachta sin;

(d) doiciméid ábhartha amhail an Achoimre ar Iniúchtaí agus faisnéis chuig an údarás um urscaoileadh a tharchur go tráthúil, faoi réir imréiteach faisnéise íogaire nó rúnda, nó faoi réir socruithe iomchuí rúndachta más gá;

(e) na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt d'iarratasóirí, d'iarratasóirí nua go háirithe, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do FBManna, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do na geallsealbhóirí ábhartha go léir; forbhreathnú ar an oiliúint a reáchtáladh a sholáthar don údarás um urscaoileadh;

(f) obair iardain a dhéanamh ar na moltaí arna n-eisiúint ag an gCúirt, lena n-áirítear tuairisc chuimsitheach chaighdeánaithe ar chaiteachas a bhaineann le paindéim COVID-19;

(g) na torthaí maidir le hábhair rialaithe bhuiséadaigh a roinnt, i bhfianaise na tuarascála athbhreithnithe, leis an údarás um urscaoileadh trí chruinniú a reáchtáil leis an gcoiste faoi seach;

(h) dlús a chur lena chuid oibre chun a áirithiú go n-úsáidfear na cistí faoi RRF le haghaidh tionscadal as a n-eascraíonn athchóirithe struchtúracha agus infheistíochtaí lena mbaintear breisluach Aontais amach agus lena seachnaítear cistiú dúbailte tionscadal; ag tathant ar an gCoimisiún ní hamháin brath ar iniúchtaí comhlíonta a dhéanann na Ballstáit maidir le rialacha is infheidhme amhail soláthar poiblí agus rialacha maidir le státchabhair, ach a ghníomhaíocht iniúchóireachta a leathnú thar iniúchtaí ar an gcóras i gcur chuige rioscabhunaithe;

(i) a áirithiú go mbeidh a thuairisciú ar neamhchosaint airgeadais iomlán bhuiséad an Aontais soiléir tráthúil ionas go mbeidh léargas soiléir ag na húdaráis iniúchóireachta agus ag an bpobal i gcoitinne ar an gcaoi a bhforbróidh an neamhchosaint sna blianta seo romhainn;

(j) modheolaíocht a fhorbairt agus rialuithe *ex post* agus misin ar an láthair a iolrú maidir leis an úsáid a bhaintear as cistí NextGenerationEU agus an tionchar a bheidh acu ar théarnamh na mBallstát;

(k) acmhainn riaracháin an Choimisiúin agus na mBallstát a mhéadú agus línte leordhóthanacha buiséid a mholadh don Chúirt, do OIPE agus do OLAF i ndáil le cur chun feidhme na gcúraimí nua atá le teacht agus a bhaineann leis an ionstraim NextGenerationEU chun airgeadas an Aontais a chosaint;

(l) modheolaíocht bheacht nithiúil maidir le príomhshruthú inscne a thabhairt chun críche lena húsáid ar fud an bhuiséid trí dhreasachtaí spriocdhírithe agus éifeachtacha faoi dheireadh 2022 ar a dhéanaí, agus cloí leis na moltaí ón gCúirt ina Tuarascáil Speisialta maidir le príomhshruthú inscne i mBuiséad an Aontais;

Tuarascáil bhliantúil ar bhainistiú agus ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais

56. ag tabhairt dá haire go mbunaíonn an Chúirt a AMPR ar an bhfaisnéis a fuarthas ó roinnt tuarascálacha ón gCoimisiún; ag tabhairt dá haire go bhforlíonann an Chúirt an fhaisnéis sin le torthaí a fuarthas le déanaí óna cuid oibre iniúchóireachta agus athbhreithnithe féin; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Chúirt athbhreithniú ar fhaisnéis feidhmíochta an Choimisiúin maidir le hinchreidteacht agus comhsheasmhacht lena dtorthaí, ach ní maidir le hiontafacht;

57. ag tabhairt dá haire gur eisigh 11 ardstiúrthóir, as 51 ardstiúrthóir (nó a choibhéis sin), 19 bhforchoimeádas san iomlán do 2020 agus gur EUR 1,219 milliún an tionchar airgeadais iomlán a bhí ag na forchoimeádais;

58. á chur i bhfios go láidir go bhfuil an iniúchóireacht ar fheidhmíocht bhuiséad an Aontais chomh tábhachtach céanna le hiniúchóireacht um chomhlíonadh chun léargas cuimsitheach a fháil ní hamháin ar dhlíthiúlacht an chaiteachais agus ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht agus ar bharainneacht an chaiteachais, ach ar na torthaí a gnóthaíodh agus na tosaíochta agus spriocanna a baineadh amach freisin; ag tarraingt aird ar an iliomad moltaí a d'eisigh an Chúirt agus an t-údarás um urscaoileadh, ag moladh gur cheart don Choimisiún i bhfad níos mó airde a thabhairt ar mheasúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchair a chuid beartas agus clár (éifeachtacht), sa bhreis ar an méid a caitheadh nó líon na ndaoine a bhfuil baint acu le cláir aonair a chur i láthair go lom (éifeachtúlacht);

59. ag tabhairt dá haire go gcuidíonn an cur chuige maidir le rialáil níos fearr leis an gCoimisiún na ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme na mbeartas agus na gclár roimhe seo a shainaithint; á thabhairt chun suntais gur cheart don Choimisiún na cláir chaiteachais uile a athbhreithniú, á chur i bhfios gur uirlisí tábhachtacha iad an éifeachtúlacht costais agus an anailís costais is tairbhe chun an caiteachas a athbhreithniú; á iarraidh ar an gCoimisiún tuilleadh faisnéise cáilíochtúla a chur san áireamh ina léirítear breisluach Aontais na gclár caiteachais; á chur in iúl gur geal léi go gcuidíonn an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála le feabhas a chur ar cháilíocht na measúnuithe tionchair; á iarraidh ar an gCoimisiún na moltaí a rinne an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála a chur chun feidhme agus údar leordhóthanach a thabhairt nuair nach gcuirtear barúlacha san áireamh;

60. ag tabhairt dá haire nach raibh Rialachán na bhForálacha Coiteanna do na seacht gciste bainistíochta comhroinnte don tréimhse 2021-2027 faoi réir measúnú tionchair, ós rud é go leagtar síos rialacha comhchoiteanna agus sásraí seachadta coiteanna i Rialachán na bhForálacha Coiteanna do bheartais eile; á chur in iúl gur geal léi go raibh a measúnuithe tionchair féin ag gabháil le rialacháin a bhaineann le cistí; ag tabhairt dá haire nach raibh meastóireachtaí tábhachtacha ar CBT ar fáil sula ndearnadh an measúnú tionchair maidir le hathchóiriú CBT;

61. á chur i bhfios go láidir gur den tábhacht é go leanfadh an Coimisiún de cheachtanna a fhoghlaim ó fheidhmíocht na gclár freisin tar éis dheireadh thréimhse an CAI toisc go bhféadfadh sé nach mbeadh torthaí agus tionchair áirithe follasach go ceann roinnt blianta tar éis dheireadh thréimhse an CAI, go háirithe i gcás cláir a bhfuil méideanna móra ceangaltas le híoc ag gabháil leo agus go n-áireofaí na breathnóireachtaí sin i gconclúidí a thuarascálacha atá le roinnt leis an údarás um urscaoileadh;

62. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt, i dtuarascáil bhliantúil na bliana seo, athbhreithniú ar thuairisciú an Choimisiúin maidir le ceartuithe agus aisghabhálacha airgeadais agus go bhfuil imní uirthi go raibh sé casta agus nach bhfuil sé soiléir i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtugann a thuairisciú léargas soiléir ar mhéid an chaiteachais neamhrialta a ceartaíodh agus a cuireadh ar ais chuig buiséad an Aontais;

63. á iarraidh ar an gCoimisiún obair iardain níos cruinne a dhéanamh ar na moltaí a d'eisigh an Chúirt agus tabhairt faoi phróisis iontaofa ghrinnscrúdaithe agus urscaoilte na Parlaiminte chun rialú níos fearr a dhéanamh ar chur chun feidhme na samhlacha seachadta nua, chomh maith leis an RRF agus an Comhbheartas Talmhaíochta athchóirithe;

64. ag athdhearbhú gur cúis bhuartha di measúnú na Cúirte nach bhfuil na sonraí faireacháin ó na Ballstáit, ar a bhfuil AMPR agus na ráitis chláir bunaithe, go hiomlán iontaofa; á chur in iúl gurb oth léi, go háirithe, meastóireacht athdhearbhaithe na Cúirte ar AMPR sna réimsí Comhtháthaithe, mar gheall ar easnaimh in obair na n-údarás iniúchóireachta agus na saincheisteanna a sainaithníodh maidir leis na rátaí earráidí iarmharacha a tuairiscíodh sna Tuarascálacha Bliantúla Gníomhaíochta de chuid AS EMPL agus AS REGIO;

65. ag tabhairt dá haire go bhfuil ráiteas tugtha ag an gCoimisiún nach gá a mhodheolaíocht a ailíniú leis an gceann a úsáideann an Chúirt, ach á chur in iúl gur oth léi go n-eascraíonn figiúirí an-difriúil as, go háirithe i réimse an iomaíochais, ar réimse é ina bhfuil meastachán an Choimisiúin maidir leis an riosca tráth na híocaíochta i ndáil leis an gceannteideal CAI sin faoi bhun raon na Cúirte don leibhéal measta earráide fiú; á iarraidh ar an gCoimisiún éirí as ceanglas atá iomlán dlíthiúil agus dul go dáiríre i mbun próiseas machnaimh maidir lena mhodheolaíocht chun a áirithiú go bhféadfaidh figiúirí na Cúirte agus an Choimisiúin a bheith níos inchomparáide;

66. á chur i bhfios go láidir go bhfuil iarrataí láidre déanta aici ar bhonn leanúnach chun a áirithiú go ndéanfar buiséad an Aontais a chosaint trí úsáid ghinearálta chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairisciú, faireacháin agus iniúchadh; ag tathant ar an gCoimisiún córas comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú, ar córas é lena gcuirfear leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ach nach mbeidh teoranta dóibh;

Ioncam

67. ag tabhairt dá haire gurbh é EUR 174,3 billiún an t-ioncam in 2020: den mhéid sin, baineann EUR 123 bhilliún (70,6 %) de le holl-acmhainní dílse náisiúnta ioncambhunaithe, baineann EUR 19,9 billiún (11,4 %) de le hacmhainní dílse traidisiúnta (TOR), baineann EUR 17,2 billiún (9,9 %) de le hacmhainní dílse breisluacha cáinbhunaithe, baineann EUR 8,2 billiún (4,7 %) de le ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le comhaontuithe agus cláir an Aontais, baineann EUR 3,2 billiún (1,8 %) de leis an mbarrachas ón mbliain roimhe sin, agus baineann EUR 2,8 billiún (1,6 %) de le hioncam eile;

68. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú ar shampla de 55 ordú aisghabhála ón gCoimisiún, a ceapadh chun bheith ionadaíoch ar gach foinse ioncaim, mar aon le córais an Choimisiúin, ar chuntasaíocht TOR i dtrí Bhallstát, agus ar na AARnna ó Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid (AS BUDG) agus ó Eurostat; á chur in iúl gur geal léi nár bhain earráid inchainníochtaithe d'aon cheann de na gnéithe samplacha; á chur in iúl gur geal léi gur chinn an Chúirt, i gcás an ioncaim, nach raibh an leibhéal earráide ábhartha agus go raibh na córais a bhaineann le hioncam éifeachtach tríd is tríd;

69. á chur i bhfios go láidir, maidir leis na méideanna seachanta nár gabhadh i gcórais chuntasaíochta TOR na mBallstát, nach dtagann siad faoi raon feidhme thuairim iniúchóireachta na Cúirte maidir le hioncam; ag tabhairt dá haire, ós rud é go bhféadfaí leis an difríocht idir leibhéal teoiriciúil na dleachta ar allmhairí ba cheart a bhailiú don gheilleagar ina iomláine agus an dleacht ar allmhairí a bailíodh go hiarbhír (an "bhearna chustaim") difear a dhéanamh do mhéideanna na ndleachtanna arna mbunú ag na Ballstáit, go bhfuil measúnú déanta ag an gCúirt den dara bliain as a chéile ar ghníomhaíocht a rinne an tAontas chun an bhearna a laghdú agus chun an riosca nach bhfuil TORanna curtha i gcrích a mhaolú;

70. ag tabhairt dá haire gur cúir mhór imní di gur chinn an Chúirt gur chuir an Coimisiún, in 2020, deireadh lena thimthriall fíorúcháin maidir le sonraí OIN i ndáil le hacmhainní dílse ón mbliain 2010 ar aghaidh, is é sin le rá bearna 10 mbliana; á thabhairt chun suntais gur shocraigh an Coimisiún, mar thoradh ar dhúnadh an timthrialla fíorúcháin, líon mór forchoimeádas OIN maidir le nósanna imeachta sonracha tiomsúcháin sna Ballstáit agus feabhas á lorg sna forchoimeádais sin; ag tabhairt le fios go gcuireann sé sin go mór leis an éiginnteacht bhuiséadach sna buiséid náisiúnta i ndáil leis an ranníocaíocht OIN-bhunaithe; ag cur in iúl gur cúis imní di gur chinn an Chúirt nach dtugtar aghaidh mar is ceart ar thionchar an domhandaithe ar OIN lena bhféadfaí tionchar a imirt ar ioncaim an Aontais;

71. ag tabhairt dá haire gur ábhar imní di nach bhfuil comhchuibhiú leordhóthanach ann i ndáil leis na córais rialúcháin chun leasanna airgeadais an Aontais a choimirciú, go príomha de bharr laigí a fhágann gur féidir difríocht shuntasach a bheith ann idir na Ballstáit maidir leis an mbealach a gcuireann siad chun feidhme iad; ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt ar laigí leanúnacha maidir le héifeachtacht na gcóras rialúcháin ar leibhéal an Choimisiúin agus ar leibhéal na mBallstát araon, agus go ndéantar, leis na laigí is tábhachtaí díobh, difear do dhúnadh an timthrialla fíorúcháin OIN ag an gCoimisiún agus d'iontaofacht na ráiteas TOR i mBallstát amháin;

72. ag cur in iúl gur cúis imní di, in ainneoin feabhsuithe, go bhfuil líon na bhforchoimeádas CBL agus líon na bpointí oscailte TOR fós ard, agus go bhfuil laigí fós i gcuntasaíocht agus i mbainistiú TOR na mBallstát; ag tabhairt dá haire gur ábhar imní di gur chinn an Chúirt go bhfuil easpa faireachán córasach ann ar shonraí allmhairiúcháin agus nach bhfuil comhchuibhiú leordhóthanach á dhéanamh ar rialuithe custaim ar leibhéal an Aontais;

73. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil amhras fós ar AS BUDG den chúigiú bliain as a chéile go bhfuil na méideanna TOR a aistríodh chuig buiséad an Aontais míchruinn de bharr gearrluacháil teicstílí agus bróg a allmhairíodh ón tSín le linn na tréimhse ó 2011 go 2017; ag tabhairt dá haire breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 8 Márta 2022 inar dearbhaíodh gur mhainnigh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí a chomhlíonadh trí mhainneachtain bearta éifeachtacha rialaithe custaim a chur i bhfeidhm agus trí mhainneachtain an méid ceart acmhainní dílse traidisiúnta a chur ar fáil don Choimisiún, i ndáil leis na hallmhairí lena mbaineann;

74. ag tabhairt dá haire gur dhiúltaigh an Chúirt i bpáirt do ríomh an Choimisiúin mar gheall ar éiginnteacht shuntasach maidir le cruinneas mhéideanna na n-acmhainní dílse arna n-éileamh ag an gCoimisiún agus nár bhunaigh an Coimisiún na méideanna iomlána don chaighdeán dlí is gá; ag tabhairt dá haire gur fhormheas an Chúirt an modh arna úsáid ag an gCoimisiún chun meastachán a dhéanamh ar mhéid na gcaillteanas TOR do chuid den tréimhse sáraithe agus go ndúirt sí gur faoin gCoimisiún atá sé caillteanais acmhainní dílse an Aontais atá dlite fós a athríomh; á iarraidh ar an gCoimisiún a mhíniú don údarás um urscaoileadh cérbh iad na hearráidí sa ríomh agus conas atá sé i gceist aige an earráid i ríomh na gcaillteanas de réir an chaighdeáin dhlíthiúil is gá a leigheas, agus an t-údarás um urscaoileadh a chur ar an eolas faoi thoradh na ríomhanna nua;

Moltaí

75. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cur i bhfeidhm aonfhoirmeach rialuithe custaim a áirithiú, agus acmhainneacht lánfheidhme anailíse agus chomhordúcháin a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar leibhéal an Aontais;

(b) athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a chur chuige maidir le fíorú shonraí OIN na mBallstát sna timthriallta ilbhliantúla a bheidh ann amach anseo chun an próiseas a chuíchóiriú tuilleadh agus chun an tréimhse a mbeidh na sonraí OIN fós ar oscailt tar éis dheireadh an timthrialla a laghdú;

(c) leanúint, i gcomhar leis na Ballstáit, d'fheabhas a chur ar an gcaoi a bhfaightear léargas grinn ar an domhandú i gcuntais náisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar an bhforchoimeádas OIN sa réimse seo i ndáil leis na blianta ó 2018 i leith, agus más gá, chun athmheasúnú a dhéanamh ar cháilíocht na sonraí OIN sna blianta roimhe sin, chun an t-údarás buiséadach a chur ar an eolas faoi impleachtaí féideartha an staidrimh athbhreithnithe ó thaobh an bhuiséid ioncaim ó 2010 i leith de;

(d) a áirithiú go mbeidh a ráitis mhíosúla agus ráithiúla TOR iontaofa i gcás na mBallstát uile, trí laigí ina gcóras custaim TF a réiteach i ndáil leis an easpa rian iniúchta, leis an riosca go ndéanfaí iontrálacha dúbailte, agus le leithdháileadh mícheart íocaíochtaí páirteacha;

(e) gníomhú sa chomhrac i gcoinne na calaoise maidir le ríomhthráchtáil agus bailiú CBL, go háirithe trí úsáid a bhaint as na sochair bhreise a bhaineann le modhanna digiteacha atá ar fáil chun sonraisc agus íocaíochtaí CBL a rianú;

(f) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairisciú, faireacháin agus iniúchadh agus córas comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é a chuirfidh leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá cheana ann ach nach mbeidh teoranta dóibh sin amháin;

Iomaíochas don fhás agus do phoist

76. ag tabhairt dá haire gurb ionann fo-cheannteideal 1a CAI "Iomaíochas don fhás agus do phoist" agus 13,9 % nó EUR 24,1 billiún de bhuiséad an Aontais: den mhéid sin, caitear EUR 13,6 billiún (56,4 %) ar thaighde, EUR 3,1 billiún (12,8 %) ar oideachas, oiliúint, an óige agus spórt, EUR 2,4 billiún (10,2 %) ar iompar agus fuinneamh, EUR 1,6 billiún (6,5 %) ar an spás, agus an chuid eile ar ghníomhaíochtaí eile agus ar chláir eile; á mheabhrú gurb é EUR 142 bhilliún an caiteachas iomlán atá beartaithe faoin bhfo-cheannteideal sin de CAI 2014-2020, as ar íocadh EUR 104,6 billiún faoi dheireadh 2020;

77. á aithint nach foláir d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) a bheith i gcroílár aon bhreithnithe a bhaineann leis an iomaíochas le haghaidh fáis agus post, ós rud é go gcuireann FBManna 6 as 10 bpost agus 8 bprintíseacht as 10 bprintíseacht ar fáil i roinnt Ballstát, agus gurb iad atá freagrach as beagnach 60 % den bhreisluach a chruthaítear san Aontas Eorpach;

78. ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú ar shampla de 133 idirbheart, a ceapadh chun bheith ionadaíoch do raon iomlán an chaiteachais faoin bhfo-cheannteideal CAI seo; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú freisin ar rialtacht na faisnéise sna AARanna ó Ard-Stiúrthóireacht an Taighde agus na Nuálaíochta (AS RTD), ó Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (AS CONNECT) agus ó Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin an Ghréasáin Iompair Thras-Eorpaigh (INEA), a chuir an Coimisiún isteach ansin ina AMPR;

79. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur mheas an Chúirt gurb é 3,9 % an leibhéal earráide, agus é ag eascairt go príomha as earráidí a bhaineann le costais neamh-incháilithe, le doiciméid tacaíochta riachtanacha a bheith ar lár, nó le saincheisteanna a ghabhann leis na fógraí conartha maidir le doiciméid tairisceana; á chur i bhfios go láidir gur chinn an Chúirt go bhfuil an caiteachas FP7 agus H2020 fós ina ardriosca agus gurb é an phríomhfhoinse earráidí é;

80. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go leanann costais phearsanra de bheith ar an bpríomhfhoinse earráide, go háirithe maidir le caiteachas taighde; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil na rialacha maidir le costais phearsanra a dhearbhú faoi Fhís 2020 casta i gcónaí, in ainneoin iarrachtaí simpliú a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi roinnt simplithe atá dírithe go sonrach ar FBManna faoi Fhís 2020, amhail ráta comhréidh aonair le haghaidh costais indíreacha, lena n-áirítear costais phearsanra;

81. ag tabhairt dá haire nach féidir le tairbhithe ach costais phearsanra a éileamh i leith cúraimí a dhéanann duine nádúrtha atá ag obair faoi chonradh díreach, agus nach bhfuil costais do chúraimí ar fochonradh incháilithe; ag cur sonrú i mbarúil na Cúirte go bhfuil FBManna, nach bhfuil dóthain foirne dá gcuid féin acu, i mbaol earráide go háirithe maidir le costais seirbhísí comhairleoirí seachtracha nó saoroibrithe a éileamh mar chostais phearsanra;

82. ag tabhairt dá haire gur threisigh an Coimisiún a fheachtas faisnéise lena ndírítear ar thairbhithe a bhíonn i mbaol earráide, amhail FBManna agus iarratasóirí céaduaire a bhfuil taithí agus acmhainní teoranta acu don phróiseas iarratais; ag tabhairt dá haire gur thionól an Coimisiún sé sheimineár gréasáin in 2020 lenar freastalaíodh ar thart ar 7 500 rannpháirtí díreach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur féidir leis an gCoimisiún a ghníomhaíochtaí faisnéise a leathnú tuilleadh; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé faisnéis a chur ar fáil d'iarratasóirí ionchasacha ina dteanga dhúchais, go háirithe maidir le rialacha casta amhail costais phearsanra agus costais fochonraitheoireachta;

83. á mheabhrú go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún ról níos láidre a bhunú don Aontas mar phríomhghníomhaí in earnáil an spáis le linn CAI 2021-2027; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta i ngach gné den bheartas spáis, go háirithe bonneagar lainseálaithe, roicéid, satailítí agus seirbhísí réamhtheachtacha agus iartheachtacha; á chur in iúl gur cúis bhuartha di tairiscintí a seoladh i réimse an bheartais spáis, go háirithe tairiscintí a bhaineann le córas nascachta an Aontais bunaithe ar shatailítí, inar fágadh FBManna ar lár trí ualaí an-ard a thabhairt isteach nach bhféadfadh aon fhiontar beag a chomhlíonadh; á iarraidh ar an gCoimisiún forléargas a chur ar fáil ar (a) torthaí na dtairiscintí uile in 2020, (b) líon na dtairiscintí a bhain FBManna nó gnólachtaí nuathionscanta i bpáirt nó go hiomlán, (c) líon na dtairiscintí a baineadh gan aon rannpháirtíocht ó FBManna nó ó ghnólachtaí nuathionscanta, (d) líon na dtairiscintí a bhain cuideachtaí móra, agus (e) forléargas ar gach tairiscint in 2020 inar fágadh FBManna ar lár de bharr dhearadh na tairisceana;

84. ag tarraingt aird ar an bhfíoras gurb í Seirbhís Choiteann Iniúchóireachta (CAS) AS RTD a dhéanann thart ar 20 % d'iniúchtaí *ex-post* ar theaghlach H2020 ina iomláine, agus go ndéanann gnólachtaí príobháideacha iniúchta 80 % díobh thar a ceann; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt nach raibh an tsampláil ar leibhéal na ráiteas costais a ndearnadh iniúchadh orthu i gcomhréir i gcónaí leis na nósanna imeachta atá leagtha síos, á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé go bhfuil maolaisnéis á déanamh i dtaca leis an ráta earráide ionadaíoch in ainneoin na bhfeabhsuithe a thug an Coimisiún isteach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuil laigí fós sna hiniúchtaí *ex post* a rinne CAS;

85. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an leibhéal barr feabhais sa taighde fós an-éagsúil ar fud na mBallstát; ag tabhairt dá haire go bhfuil sé molta i staidéir go ndéanfar taighdeoirí, saineolaithe agus gníomhaithe náisiúnta eile ó institiúidí a bhfuil leibhéil níos ísle barr feabhais acu a spreagadh chun bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfoirne comhpháirteacha taighde lena n-áirítear taighdeoirí agus institiúidí a bhfuil an leibhéal barr feabhais is airde acu; á chur in iúl gurb eol di go bhfuil an phríomhfhreagracht ar na Ballstáit agus ar a n-infheistíocht san oideachas, ach á chur i bhfios go láidir gur féidir leis an gCoimisiún rannchuidiú leis an sármhaitheas a leathnú; á chur in iúl gur geal léi an buiséad méadaithe chun leathnú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí Fís Eorpach;

86. ag tabhairt dá haire go bhfuil an obair iniúchta ar FP7 curtha i gcrích; á chur in iúl gurb oth léi go ndearbhaíonn AARanna AS RTD agus AS CONNECT go bhfuil an ráta earráide iarmharach carnach i ndáil le FP7 os cionn 2 %; á aithint nach ndearna ceachtar Ard-Stiúrthóireacht forchoimeádas cainníochtaithe a thuairisciú mar gheall ar an tairseach *de minimis* le haghaidh forchoimeádais airgeadais a tugadh isteach in 2019;

87. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thuairiscigh AS RTD, maidir le H2020, go bhfuiltear ag dréim le ráta ionadaíoch earráide 2,95 % i ndáil leis na hArd-Stiúrthóireachtaí uile agus leis na comhlachtaí eile de chuid an Aontais a bhainistíonn caiteachas taighde an Aontais; ag tabhairt dá haire gurb é 2,24 % an ráta iarmharach earráide i ndáil le AS RTD agus gurb é 2,20 % an ráta iarmharach earráide i ndáil le AS CONNECT; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach measann an Coimisiún gur gá forchoimeádas a shocrú i ndail le caiteachas Fís 2020; ag tabhairt dá haire go bhféachann na comhlachtaí cur chun feidhme le cinnteacht réasúnta a thabhairt go mbeidh an riosca earráide laistigh de raon 2-5 %;

88. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil ón gCúirt maidir le feidhmíocht Erasmus+, arb ionann é agus 13,3 % d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh faoi dheireadh 2020 i ndáil leis an gceannteideal CAI sin, bunaithe ar AMPR 2020, na clár-ráitis i ndáil le dréachtbhuiséad 2022, agus eochairmheastóireachtaí agus tuarascálacha eile;

89. á chur in iúl gur geal léi measúnú na Cúirte gur cruthaíodh breisluach de bharr scála agus raon feidhme Erasmus+ agus gur cuireadh feabhas ar a éifeachtúlacht mar gheall toisc gur simplíodh é i gcomparáid leis na cláir a bhí ann roimhe; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nár chuir an Coimisiún comhionannas inscne i gcuntas i ngach gné de Erasmus+, agus nár tugadh sa chlár-ráiteas i ndáil le Erasmus+ meastachán airgeadais ar rannchuidiú an chláir leis an gcomhionannas inscne; á mheabhrú, cé go bhfuil difríochtaí suntasacha inscne idir réimsí staidéir, gur mná iad 58 % de líon iomlán na rannpháirtithe sa chlár;

90. ag tabhairt dá haire agus é ina chúis imní di go bhfuil taighdeoirí baineanna faoi thearcionadaíocht i bhFís 2020 nach bhfuil ach 36 % de thaighdeoirí ar mná iad (28 % i dtionscadail ón gComhairle Eorpach um Thaighde (ERC), 42 % i ndeontais Marie Sklodovska-Curie agus 31 % i gcodanna eile den Chlár);

91. á chur in iúl gur mór aici gur bronnadh Duais Nobel na Ceimice 2020 ar thaighdeoir a fuair cistiú ó Fís 2020, taighdeoir a bhí ar an 10ú rannpháirtí a fuair cistiú ón gclár go dtí seo agus a raibh sé d'onóir air nó aici Duais Nobel a ghlacadh;

92. ag tabhairt dá haire gur cuireadh cistiú ar fáil do 1 173 thionscadal in 2020 trí chlár ERC i bhFís 2020 agus go bhfuair 1 255 phríomhimscrúdaitheoir cistiú; ag tabhairt dá haire freisin go bhfuil institiúidí as 25 Bhallstát i measc na n-institiúidí óstála faoi láthair agus go bhfuil náisiúnaigh ó 23 Bhallstát i measc na bpríomhimscrúdaitheoirí; ag tabhairt dá haire, thairis sin, ó 2014 i leith, go bhfuil Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie ag tacú le soghluaisteacht agus le hoiliúint thart ar 69 000 taighdeoir lenar sáraíodh, dá bhri sin, a sprioc 65 000 taighdeoir a bhaint amach;

93. á chur in iúl gur geal léi gur chuir an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) bonneagair seirbhíse digití in úsáid lena n-áirithítear idir-inoibritheacht trasteorann seirbhísí ar líne do shaoránaigh, do ghnólachtaí agus do riaracháin phoiblí san Aontas; á chur i bhfios go láidir go ndearnadh beagnach EUR 630 milliún a infheistiú in idir-inoibritheacht uile-Aontais seirbhísí digiteacha sonracha amhail ríomhsheirbhísí sláinte, sonraí oscailte poiblí, sainaithint leictreonach agus cibearshlándáil;

94. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé infheistíocht a dhéanamh i ngréasáin iompair inbhuanaithe chun an t-aistriú riachtanach i dtreo modhanna iompair níos inbhuanaithe a chumasú; ag moladh do SCE 2021-2027 iarracht a dhéanamh eiseamláir SCE a leanúint agus torthaí iontacha a bhaint amach; ag tabhairt dá haire gur gá feabhas a chur ar leibhéal na feasachta i measc na dtairbhithe ar rialacha incháilitheachta SCE;

95. á chur in iúl gur geal léi le linn na tréimhse 2014-2020, go ndearnadh comhchistiú Iompair SCE arb ionann é agus EUR 23,03 billiún a leithdháileadh ar 959 ngníomh, agus aghaidh á tabhairt ar bhonneagar feadh chroíghréasán agus ghréasán cuimsitheach an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (TEN-T), bhí an tacaíocht a tugadh faoin gclár dírithe ar an gcroíghréasán, inar cuimsíodh níos mó ná 170 stráice;

Moltaí

96. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) raon feidhme na ndeimhnithe ar ráitis airgeadais a leathnú chun catagóirí aonadchostais a chur san áireamh don chreatchlár nua taighde, Fís Eorpach, chun leibhéal braite agus ceartúcháin earráidí in aonadchostais a mhéadú; á iarraidh go simpleofaí na rialacha maidir le costais phearsanra faoi Fhís Eorpach;

(b) gníomhaíochtaí a chur chun feidhme, lena n-áirítear athbhreithniú tréimhsiúil ar phríomhchúiseanna na hearráide i ráitis airgeadais, treoir a thabhairt maidir le saincheisteanna casta amhail rialacha fochonraitheoireachta, agus feachtais faisnéise a sheoladh chun an ráta earráide i ndáil le H2020 a laghdú;

(c) cáilíocht na n-iniúchtaí *ex-post* a fheabhsú tuilleadh trí aghaidh a thabhairt ar na laigí sna nósanna imeachta samplála ar leibhéal na ráiteas costais agus na ceartúcháin a chur i bhfeidhm ar an modh ríofa earráidí le haghaidh Fís Eorpach;

(d) leanúint den obair chun leibhéal earráide faoi bhun 2 % a bhaint amach sa réimse caiteachais sin;

(e) na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt le haghaidh iarratasóirí, iarratasóirí nua go háirithe, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do FBManna, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do na geallsealbhóirí ábhartha go léir; coimre dhigiteach a fhorbairt do FBManna agus do chuideachtaí lárchaipitlithe Eorpacha le haghaidh faisnéis rialála faoi dheiseanna fostaíochta agus fáis laistigh de chreat CAI agus RRF amhail an Cúntóir Trádála Access2Markets;

(f) cur chuige níos fearr a chur san áireamh i leith cothromaíocht inscne i ndáil le tairbhithe chistí Fhís na hEorpa agus i leith cothromaíocht gheografach ó Bhallstáit atá faoi thearcionadaíocht agus tacaíocht níos fearr a thabhairt don taighde agus don chomhar in ollscoileanna sna Ballstáit uile; tuairisciú do Pharlaimint na hEorpa maidir le cion na dtaighdeoirí fireanna agus baineanna atá rannpháirteach sa chlár;

(g) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairisciú, faireacháin agus iniúchadh; agus córas comhtháite agus idir-inoibritheach a chur ar bun go práinneach, ar córas é lena gcuirfear leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá cheana ann ach nach mbeidh teoranta dóibh;

(h) ionchais a bhainistiú trí chuspóirí agus spriocanna réadúla agus insroichte a leagan síos; á mheas gur cheart go mbeadh torthaí níos dearfaí maidir leis an rochtain atá ag daoine óga ar mhargadh an tsaothair ar an Ráthaíocht don Aos Óg atreisithe nua; á iarraidh ar an gCoimisiún comhoibriú níos fearr a dhéanamh leis na Ballstáit chun Erasmus+ a fhorbairt le haghaidh oiliúint ghairmiúil, go háirithe i gcás gairmeacha teicniúla áirithe, na ceardaithe, etc; á iarraidh ar an gCoimisiún an Ríocht Aontaithe a spreagadh chun teacht isteach arís i gclár Erasmus; á iarraidh freisin go ndéanfar malartuithe mac léinn agus malartuithe eolaíocha a fhorbairt do thíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe don Úcráin; a ghníomhaíochtaí leathnaithe a mhéadú tuilleadh chun feabhas a chur ar an rochtain ar an mbarr feabhais ar fud an Aontais agus tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh ina leith;

(i) líne bhuiséadach nua a chruthú don turasóireacht, chun tacú le téarnamh earnála atá buailte go mór ag géarchéim COVID-19, ionas go mbeidh sí athléimneach don todhchaí, digitithe agus inbhuanaithe;

(j) leanúint dá chuid gníomhaíochta maidir le vacsaíní a cheannach i ngrúpaí chun cosaint a thabhairt i gcoinne COVID-19 ionas gur féidir coigiltí a dhéanamh agus ionas go ndéanfar neamhspleáchas ceannasach an Aontais a fhorbairt i réimse na sláinte agus lenar féidir é a leathnú chuig réimsí eile amhail fuinneamh, mianraí tearc-chré nó eilimintí leathsheoltóra;

(k) a áirithiú go mbeidh acmhainní leordhóthanacha ar fáil don chlár Fís Eorpach agus dá cholúin, do IPCEIanna agus d'ionstraimí agus tionscadail cistiúcháin eile a bhaineann freisin le cruthú post, lena n-áiritheofar sineirgí leis na pleananna téarnaimh náisiúnta chun taighde a chur chun cinn agus straitéis fáis a fhorbairt agus comhpháirtíochtaí nua de chuid an Aontais a sheoladh i réimsí amhail hidrigin ghlan, cealla breosla, fuinneamh gaoithe, tarraingt leictreach, fuinneamh fótavoltach, róbataic, ladrainn, cadhnraí priontála 3D, eitlíocht ghlan, soghluaisteacht iarnróid, nasctha agus uathoibrithe, iompar de bhóthar agus iompar d'uisce atá saor ó astaíochtaí agus réimse leathan teicneolaíochtaí digiteacha, go háirithe le haghaidh Chlár Oibre 2021-2022 agus á chur in iúl gur geal léi dul chun cinn Fís Eorpach sa chiall sin; á chur i bhfáth gur gá tacú le tionscadail a rannchuidíonn, go háirithe, le gréasán Eorpach iompair a bheidh slán i bhfad na haimsire, a bheidh inbhuanaithe, cliste iomaíoch, inacmhainne agus neamhdhíobhálach don aeráid;

(l) sásra nua atá dírithe ar thorthaí a mholadh lena n-áirítear pleanáil ghearrthéarmach, mheántéarmach agus fhadtéarmach agus cúnamh teicniúil, mar aon le feabhas a chur ar an nasc atá idir cistiú agus garspriocanna tionscadail a bhaint amach, chun breisluach na gCistí Eorpacha a mhéadú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit spriocanna 2030 agus 2050 do croíghréasáin TEN-T agus gréasáin chuimsitheachaTEN-T faoi seach;

Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach

97. ag tabhairt dá haire gurb ionann fo-cheannteideal 1b CAI "Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach" agus 34,3 % nó EUR 59,5 billiún de bhuiséad an Aontais: den mhéid sin, caitear EUR 32,4 billiún (54,5 %) ar Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), EUR 10,2 billiún (17,1 %) ar an gCiste Comhtháthaithe (CC), EUR 14,7 billiún (24,7 %) ar Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE), agus EUR 2,2 billiún (3,7 %) ar ghníomhaíochtaí eile;

98. ag meabhrú an róil thábhachtaigh atá ag an gcaiteachas faoi cheannteideal 1b CAI "comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach", lena ndírítear ar éagothromaíochtaí forbartha idir Ballstáit agus réigiúin éagsúla an Aontais a laghdú agus iomaíochas na réigiún uile a neartú;

99. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla de 227 n-idirbheart, a ceapadh chun bheith ionadaíoch ó thaobh staidrimh de ó thaobh raon iomlán an chaiteachais de faoin bhfo-cheannteideal CAI seo; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú freisin ar rialtacht na faisnéise a thugtar sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh (AS REGIO) agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Fhostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Cuimsiú (AS EMPL) chomh maith le AMPR;

100. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, agus aird á tabhairt ar na hearráidí a shainaithin na húdaráis iniúchóireachta roimhe sin agus ar na ceartúcháin a chuir na húdaráis chláir i bhfeidhm, gur mheas an Chúirt gur 3,5 % a bhí sa leibhéal earráide, i bhfad os cionn an leibhéil ábharthachta; á chur in iúl gur geal léi gurb ionann é sin, mar sin féin, agus laghdú ar an ráta earráide i gcomparáid leis an ráta earráide 4,4 % a tuairiscíodh i bhfreachnamh 2019; ag tabhairt dá haire go mbaineann na hearráidí a braitheadh le costais neamh-incháilithe, le soláthar poiblí, le hearráidí cuntasaíochta agus ríomha, le státchabhair, agus le doiciméid tacaíochta atá in easnamh;

101. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, na sonraí a cuireadh i láthair i Scórchlár an Mhargaidh Aonair do 2020 maidir le soláthar poiblí, lena léirítear go bhfuil cion na gconarthaí a bhronntar nach bhfuil i gceist leo ach aon tairgeoir amháin ina ábhar buartha; shroich 19 mBallstát an tairseach 20 % agus bhí leibhéal 39-51 % ag sé Bhallstát (an tSeicia, an Ghréig, an Ungáir, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin); ag tabhairt dá haire gur shroich cion na gconarthaí soláthair a caibidlíodh le cuideachta gan aon ghlao ar thairiscintí an tairseach de 10 % in 8 mBallstát agus go raibh ceithre cinn acu (an Bhulgáir, an Chipir, an Rómáin, an tSlóivéin) ag leibhéil 22-29 %; ag tabhairt dá haire go raibh cion na gconarthaí a dámhadh tar éis glao ar thairiscintí nach raibh a n-ainm agus a gcoinníoll soiléir os cionn na tairsí de 3 % i ndeich mBallstát ag a raibh leibhéil idir 8-9 % i gceithre Bhallstát (an Bheilg, an Bhulgáir, Málta agus an tSlóivéin);

102. á chur in iúl gur cúis mhór imní di na barúlacha sin ós rud é go léirítear leo laigí tromchúiseacha córasacha sna nósanna imeachta um sholáthar poiblí i roinnt Ballstát, ar dócha go mbeidh tionchar acu freisin ar bhainistiú agus ar chaiteachas chistí an Aontais; ag cur sonrú, ina leith sin, i mbarúil na Cúirte maidir le hiniúchadh a dhéanamh ar luathchóras coisctheach maidir le fíoruithe bainistíochta ar sholáthar poiblí san Ungáir, as ar eascair ceartúchán ráta comhréidh 10 % ar na conarthaí uile lena mbaineann lena gcumhdaítear tréimhse 4 bliana, arb ionann é agus thart ar EUR 770 000 000;

103. á chur in iúl gur cúis imní di go dtagann 72 % d'earráidí as tionscadail neamh-incháilithe agus as costais nach bhfuil incháilithe agus go dtagann 27 % díobh as sáruithe ar rialacha an mhargaidh inmheánaigh (go háirithe neamhchomhlíonadh na rialacha maidir le státchabhair); ag tabhairt dá haire gur sháraigh cúig thionscadal rialacha an Aontais maidir le státchabhair; ag tabhairt dá haire go bhfuil an Chúirt den tuairim nár cheart go mbeadh dhá thionscadal tar éis cistiú poiblí a fháil ón Aontas agus/nó ón mBallstát; á thabhairt chun suntais go raibh na tionscadail sin ina siocair le 1,0 pointe céatadáin den leibhéal measta earráide;

104. á chur in iúl gur geal léi gur cuireadh i gcrích go rathúil in 2020 an glao ilbhliantúil ar thograí don bliain 2019 faoin tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, inar roghnaíodh 125 thionscadal agus ina raibh ranníocaíocht de bhreis ar EUR 2 bhilliún san iomlán i gceist ann; ag tabhairt dá haire gur leithdháileadh níos mó ná 90 % de ranníocaíocht SCE ar thionscadail a mheastar a thabharfaidh aghaidh ar chuspóirí a bhaineann leis an aeráid agus go háirithe bonneagair iarnróid, uiscebhealaí intíre agus calafort muirí agus ar bhonneagair breoslaí malartacha a chur in úsáid;

105. ag tabhairt dá haire gur thuairiscigh AS REGIO meánráta earráide ualaithe 2,1 % agus "uasráta" 2,6 %, agus gur thuairiscigh AS EMPL meánráta earráide ualaithe 1.4 % agus "uasráta" 1,9 %; á chur i bhfios gurb amhlaidh, dar leis an gCúirt, nár chuir AS EMPL san áireamh go hiomlán earráidí a d'fhéadfadh a bheith ann lasmuigh de na hearráidí sin a braitheadh, agus sa chás sin gur uasráta 2,1 % a bheadh ann; ag cur béim ar chinneadh na Cúirte gur cheart a mheas gur íosráta é an ráta iarmharach earráide foriomlán arna thuairisciú ag an gCoimisiún; á thabhairt chun suntais go bhféadfadh sé nár leor na ceartúcháin a dhéanfar amach anseo chun a áirithiú nach mbeidh aon leibhéal earráide ábhartha fós ann an tráth dúnta;

106. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go léirítear le líon agus tionchar na n-earráidí arna mbrath nach maolaítear leis na rialuithe atá i bhfeidhm go fóill an t-ard-riosca bunúsach earráide sa réimse sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di go mbaineann sé sin, go háirithe, le húdaráis bhainistíochta a bhfuil a bhfíoruithe neamhéifeachtach chun neamhrialtachtaí sa chaiteachas arna dhearbhú ag tairbhithe a chosc nó a bhrath; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go measann an Chúirt freisin go bhfuil earráidí eile ann ar toradh iad ar chinntí a rinne na húdaráis bhainistíochta féin;

107. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur tháinig an Chúirt ar an tátal nach raibh na rátaí earráide iarmharacha a thuairiscigh na húdaráis iniúchóireachta iontaofa i gcónaí agus go bhfuil easnaimh go fóill ar an mbealach a ndéanann údaráis iniúchóireachta a gcuid oibre agus a ndéanann siad a gcuid oibre a dhoiciméadú; ag cur béim ar an gcinneadh ón gCúirt gur gá do na húdaráis iniúchóireachta rianú níos fearr a dhéanamh ar an riosca calaoise ina n-iniúchtaí ar oibríochtaí;

108. á athdhearbhú go bhfuil sí míshásta go mór leis an gcleachtas i roinnt Ballstát i dtaobh cláir a ró-áirithint go córasach agus tionscadail fhadhbacha nó neamhdhleathacha a aistriú isteach sa bhuiséad náisiúnta tar éis don Choimisiún nó do OLAF neamhrialtachtaí nó mí-úsáid a bhrath ina leith; ag cáineadh go bhfágtar an t-ualach ar na cáiníocóirí náisiúnta íoc as tionscadail atá thíos le coinbhleachtaí leasa, calaois nó easnaimh eile;

109. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 07/2020 *Implementing Cohesion policy: comparatively low costs, but insufficient information to assess simplification savings* [An Beartas Comhtháthaithe a chur chun feidhme: costais ísle go comparáideach, ach ganntanas faisnéise chun measúnú a dhéanamh ar choigiltí ón simpliú] go bhfuil na costais fhoriomlána a tuairiscíodh maidir le cur chun feidhme chistí an Bheartais Comhtháthaithe réasúnta íseal, ach go raibh siad bunaithe ar shonraí nach bhfuil sách iomlán agus neamhleanúnach; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt nár leor an fhaisnéis chostais a bhí ar fáil chun measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag simpliú rialacha an Aontais;

110. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 24/2021 *Performance-based financing in Cohesion policy: worthy ambitions, but obstacles remained in the 2014-2020 period* [Maoiniú feidhmíochtbhunaithe sa Bheartas Comhtháthaithe: uaillmhianta fiúntacha, ach bhí bacainní ann go fóill sa tréimhse 2014-2020] go ndearnadh foráil in CPR 2014-2020 maidir le "creat feidhmíochta" sainráite le haghaidh chláir oibríochtúla na mBallstát, lena n-áirítear garspriocanna agus spriocanna chun infheistíochtaí CSIE a bhaint amach;

111. á chur i bhfios go láidir an cúlchiste feidhmíochta atá beartaithe sa chreat feidhmíochta nua lena ndéanfar 6 % de na hacmhainní a reo agus a leithdháileadh, dá réir sin ar bhonn athbhreithniú ar fheidhmíocht tar éis na tuarascála bliantúla ar chur chun feidhme in 2019, ar na cláir a bhfuil na garspriocanna atá leagtha amach acu bainte amach acu, ionas go spreagfar na Ballstáit chun an leas is fearr is féidir a bhaint as an úsáid a bhainfear as cistiú; á chur in iúl gurb oth léi nár éirigh ach go páirteach leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit na hionstraimí sin a úsáid chun maoiniú an Bheartais Comhtháthaithe a chur i riocht níos feidhmíochtbhunaithe; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nár léirigh na Ballstáit ach spéis an-teoranta in úsáid a bhaint as roinnt de na samhlacha cistiúcháin feidhmíochtbhunaithe, i.e "comhphleananna gníomhaíochta" agus "maoiniú nach bhfuil nasctha le costais"; ag spreagadh úsáid níos leithne a bhaint as na roghanna costais simplithe a mheasann CIE a d'fhéadfadh ualach riaracháin na dtairbhithe a laghdú agus a mheastar gur lú an baol earráide a bhaineann leo;

112. ag meabhrú rannchuidiú an bheartais chomhtháthaithe maidir le tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun tionchar diúltach phaindéim COVID-19 a mhaolú agus chun go bhféadfar an cistiú 2014-2020 atá ar fáil a atreorú go mear chuig na hearnálacha is mó atá thíos leis agus simpliú suntasach a mholadh (Tionscnaimh CRII agus CRII+ do 2020); ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur bhain 179 gClár Oibríochtúil úsáid as na Tionscnaimh sin chun tacú le cúram sláinte, le gnólachtaí beaga agus le hoibrithe, arbh fhiú EUR 12,9 billiún iad (EUR 6,2 billiún in 2020 agus EUR 6,7 billiún in 2021); ag tabhairt dá haire gur chuir na Tionscnaimh CRII agus CRII+ le cur chun feidhme chistí CSIE agus gur rannchuidigh siad le laghdú an RAL;

113. ag tabhairt dá haire gur chinn an Chúirt, i dtuarascáil speisialta Uimh. 26/2021 uaithi *Regularity of spending in EU Cohesion policy: Commission discloses annually a minimum estimated level of error that is not final* [Rialtacht an chaiteachais i mBeartas Comhtháthaithe an Aontais: nochtann an Coimisiún ar bhonn bliantúil íosleibhéal measta earráide nach bhfuil críochnaitheach] go dtugtar aghaidh sna forálacha dlíthiúla nua ar roinnt teorainneacha maidir le glacadh cuntas; ag cur in iúl gurb oth léi, mar sin féin, gur chinn an Chúirt go mbíonn roinnt rioscaí fós ann tráth a scaoiltear an choinneáil íocaíochta;

114. ag cur sonrú i dtorthaí na Cúirte nach bhfuil athbhreithnithe deisce an Choimisiúin ceaptha chun caiteachas neamhincháilithe breise a bhrath, rud a chuireann teorainn lena rannchuidiú chun rialtacht na n-idirbheart bunúsach agus bailíocht an Ráta Earráidí Iarmhéide (RTER) a thuairiscigh na húdaráis iniúchóireachta a dheimhniú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur uirlis éifeachtúil iad athbhreithnithe deisce den sórt sin chun na rátaí earráide tuairiscithe agus tuairimí iniúchóireachta ó na húdaráis iniúchóireachta a dheimhniú i gcás cláir a bhfuil cuntas teiste deimhnithe acu maidir le rátaí earráide ísle; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur thángthas sna hathbhreithnithe ar chomhlíonadh a rinne an Coimisiún agus an Chúirt ar earráidí ábhartha nárbh fhéidir a bhrath sna hathbhreithnithe deisce;

115. á chur in iúl gur chúis bhuartha di gur chinn an Chúirt nár lean an Coimisiún a chur chuige rioscabhunaithe i gcónaí maidir leis na húdaráis iniúchóireachta is mó riosca a roghnú le haghaidh iniúchtaí comhlíontachta agus cé go mbraitheann an Coimisiún caiteachas neamhrialta ina iniúchtaí comhlíontachta, is minic a dhéanann sé athbhreithniú ar a gcuid torthaí deiridh sa chéim leantach leis na Ballstáit;

116. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di tuarascálacha maidir le héilliú tromchúiseach córasach agus mí-úsáid chistí comhtháthaithe an Aontais in ionstraim Deilt na Danóibe sa Rómáin ar fiú EUR 1,1 billiún í in 8 gclár de chuid na Rómáine; ag tabhairt dá haire go bhfuil na cistí sin curtha i leataobh do thionscadail laghdaithe bochtaineachta, caomhnú an dúlra agus tionscadail cosanta chomhshaoil feadh Dheilt na Danóibe sa Rómáin, arna maoiniú ag 5 chiste éagsúla CSIE; ag tabhairt dá haire go bhfuil na líomhaintí maidir le mírialtachtaí comhchruinnithe in aon chlár amháin, sa chlár oibríochtúil réigiúnach, maidir le 3 ghlao ar thionscadail faoi ais tosaíochta amháin a thacaíonn den chuid is mó le FBManna agus micrifhiontair arb ionann iad agus EUR 104 000 000 lena gcistítear 347 dtionscadal; ag tabhairt dá haire gur chuir OLAF imscrúdú ar bun i mí na Bealtaine 2021 maidir le líomhaintí calaoise agus neamhrialtachtaí eile a bhain le tionscadal sonrach arna mhaoiniú ag ITI Dheilt na Danóibe sa Rómáin;

117. á chur in iúl gur cúis imní di an méid a tháinig chun solais sna meáin go raibh údarás náisiúnta amháin de chuid na Rómáine éillitheach agus gur rannchuidigh sé le húdarú na dtionscadal le polaiteoirí a raibh baint acu le coinbhleacht leasa agus nach raibh ina gcónaí feadh dheilt na Danóibe;

118. ag tabhairt dá haire gur eisigh an Coimisiún i mí an Mheithimh 2021 briseadh ar íocaíochtaí, tar éis dó tuarascálacha ó na meáin maidir le líomhaintí tromchúiseacha maidir le calaois, coinbhleachtaí leasa agus claonchasadh a chur isteach, lena gcuirtear bac ar aon aisíocaíocht ón Aontas leis na 347 dtionscadal a bhfuil riosca ag baint leo go dtí go bhfaighfear torthaí na bhfíoruithe a dhéanfaidh údaráis na Rómáine; ag tabhairt dá haire gur roghnaigh údaráis na Rómáine 73 thionscadal lena bhfíorú, as ar eascair fógra faoi 35 de na tionscadail sin don chomhlacht náisiúnta frithchalaoise nó don oifig ionchúisitheora le haghaidh imscrúdú breise i ngeall ar amhras calaoise; ag tabhairt dá haire go ndearna údaráis bhainistíochta na Rómáine seiceálacha ar 22 oibríocht bhreise chun a rialtacht a fhíorú agus i dtaobh an gcuireann siad le forbairt réigiún na Danóibe, lena bhfágtar go n-aithnítear neamhrialtacht amháin eile a d'fhéadfadh a bheith ann;

119. ag tabhairt dá haire gur chomhaontaigh an Coimisiún le húdaráis na Rómáine go soláthraíonn an t-údarás bainistíochta torthaí a chuid fíoruithe don údarás iniúchóireachta le haghaidh athbhreithniú neamhspleách ar leormhaitheas an mhodha measúnaithe riosca chun oibríochtaí a bheidh le hathbhreithniú agus seiceálacha a dhéanfar a roghnú, agus chun na torthaí a dheimhniú; ag tabhairt dá haire go gcuirfidh na conclúidí seo leis an ullmhúchán don iniúchadh spriocdhírithe a bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a chur i gcrích ag tús 2022 freisin chun éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a dhéanann údaráis na Rómáine a fhíorú ar an láthair; ag tathant ar an gCoimisiún an t-údarás um urscaoileadh a choinneáil ar an eolas faoi aon fhorbairtí nua agus go háirithe faoi aon cheartuithe airgeadais;

120. á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur iriseoirí arís eile a nocht an fhaisnéis maidir le líomhaintí tromchúiseacha den sórt sin agus nach le hiniúchadh ón gCoimisiún a rinneadh an nochtadh; á mheabhrú gur chuir na hiriseoirí in iúl go bhfuil laigí tromchúiseacha agus lúba ar lár i ndlíthe na Rómáine maidir le coinbhleachtaí leasa; á chur i bhfios go láidir gur gá na dlíthe sin a chur i gcomhréir go práinneach le ceanglais Rialachán Airgeadais an Aontais; á mheabhrú gur réamhchoinníoll tábhachtach é reachtaíocht shoiléir gan débhrí i gcoinne coinbhleachtaí leasa ar an leibhéal náisiúnta chun mí-úsáid, éilliú agus calaois a chosc, a bhrath agus a chomhrac;

121. á chur in iúl gurb oth léi gurb amhlaidh, mar a léirítear i dtuarascáil speisialta Uimh. 10/2021 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal *Gender mainstreaming in the EU Union budget: time to turn words into action* [Príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais Eorpaigh: tá beart de réir briathair de dhíth], nach bhfuil leas á bhaint as acmhainneacht shuntasach chistí struchtúracha agus infheistíochta na hEorpa chun rannchuidiú leis an gcomhionannas inscne agus nach ndéantar príomhshruthú inscne a chur chun feidhme go leormhaith ag gach céim den phróiseas buiséadach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór aghaidh a thabhairt ar phríomhshruthú inscne ar bhealach neamh-mhaorlathach agus gonta trí dhreasachtaí spriocdhírithe éifeachtacha;

122. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil ón gCúirt maidir le feidhmíocht CSE, arb ionann í agus 25,9 % d'íocaíochtaí uile an bheartais comhtháthaithe 2014-2020 a rinneadh faoi dheireadh 2020; ag tabhairt dá haire gur mhéadaigh speansais CSE ó EUR 11,2 billiún in 2019 go EUR 13,7 billiún in 2020 de bharr cur chun feidhme méadaithe; ag tabhairt dá haire go bhfuil an obair a rinne an Chúirt bunaithe ar fhaisnéis feidhmíochta an Choimisiúin, arb éard atá inti, go háirithe, AMPR 2020, na clár-ráitis i ndáil le dréachtbhuiséad 2022, agus príomh-mheastóireachtaí an Choimisiúin, mar aon leis an 7ú Tuarascáil faoin gComhtháthú;

123. ag meabhrú a ríthábhachtaí atá CSE, Erasmus+ agus an Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), EGF mar phríomhuirlisí an Aontais chun fostaíocht agus soghluaisteacht mhéadaithe an lucht saothair, oideachas agus gairmoiliúint mhéadaithe le haghaidh scileanna agus foghlaim mhéadaithe ar feadh an tsaoil a chothú agus chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, agus chun an bhochtaineacht agus an t-idirdhealú a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi gur chinn an Chúirt go bhfuil creat feidhmíochta CSE forbartha go maith agus go dtiomsaíonn an Coimisiún "cóimheas gnóthachtála" le haghaidh táscairí lena ngabhann spriocanna; á chur in iúl gurb oth léi gur

chinn an Chúirt gurb amhlaidh, cé gur tháinig méadú ar infhaighteacht na faisnéise feidhmíochta de bharr chreat feidhmíochta CSE, gur fhan an fócas ar ionchuir agus aschuir airgeadais, agus nár díríodh go leormhaith ar thorthaí agus gurb amhlaidh, cé go gcumhdaítear formhór réimsí CSE le meastóireachtaí, go bhfuil gá le hiarrachtaí níos modheolaíche chun tionchar na mbeartas a mheas ó thaobh daoine atá dínasctha ón margadh saothair a shroicheadh;

124. ag tabhairt dá haire go léiríonn táscairí go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ag na Ballstáit ó thaobh spriocanna de, gur eisigh an Coimisiún 85 % den chúlchiste feidhmíochta le haghaidh chláir CSE, agus go bhfuil sé mar aidhm ag togra CSE+, 2021-2027 tuilleadh simplithe agus sineirgí a bhaint amach;

125. á chur in iúl gurb oth léi, mar gheall ar theorannuithe sonraí agus toisc go raibh a lán oibríochtaí fós ar siúl tráth iniúchta na Cúirte, nach raibh sí in ann teacht ar chonclúid fhoriomlán ar fheidhmíocht iarbhír chaiteachas CSE le linn na tréimhse 2014-2020;

126. ag tabhairt dá haire gur mór aici, faoi dheireadh 2020, go raibh tacaíocht faighte ag 45,4 milliún rannpháirtí ó CSE agus ón Tionscnamh um Fhostaíocht don Aos Óg (TFAO) agus gur éirigh le 5,4 milliún duine post a bhaint amach (lena n-áirítear daoine féinfhostaithe) faoin dá chlár mar a thuairiscigh an Coimisiún;

127. á chur in iúl gur geal léi tionchar na Tacaíochta sealadaí chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú in Éigeandála (SURE) mar a thuairiscigh an Coimisiún sa dara tuarascáil uaidh; ag tabhairt dá haire gur éirigh le SURE an mórthionchar socheacnamaíoch a eascraíonn as paindéim COVID-19 a mhaolú; ag tabhairt dá haire gur thacaigh SURE in 2020 le tuairim is 31 mhilliún duine sna 19 mBallstát is tairbhithe, ar fostaithe iad 22,5 milliún díobh agus 8,5 milliún duine féinfhostaithe, agus gur bhain thart ar 2,5 milliún gnólacht a ndearna paindéim COVID-19 difear dóibh tairbhe as SURE, rud a fhágann go bhfuil siad in ann oibrithe a choinneáil;

128. á chur in iúl gur geal léi an méadú ar chur chun feidhme na n-ionstraimí airgeadais faoi gach ciste SIE in 2020 as a dtiocfaidh EUR 10,3 billiún in íocaíochtaí carnacha le faighteoirí deiridh (EUR 4,7 billiún in 2019);

129. ag tabhairt dá haire go raibh tógáil Dhroichead Peljesac sa Chróit le cistí comhtháthaithe curtha i gcrích ag cuideachta Síneach atá faoi úinéireacht stáit, a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint as tacaíocht ó rialtas na Síne agus as caighdeáin saothair níos ísle agus neamhleora a thabharfadh buntáiste iomaíoch intuigthe ar chuideachtaí an Aontais a bhí ag tairiscint ar an nglao céanna; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór don Choimisiún, mar Chaomhnóir na gConarthaí, a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann idir cuideachtaí an Aontais agus cuideachtaí tríú tíortha i nglaonna agus tairiscintí poiblí; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, dá bhrí sin, gur cheart go mbeadh forálacha láidre maidir le caighdeáin ar leibhéal an Aontais i ndáil le cearta sóisialta agus saothair ina gcuid glaonna ar sholáthar poiblí agus ar thógáil;

130. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go raibh sé beartaithe ag rialtas na hUngáire aerfort "Ferenc Liszt" gar do Bhúdaipeist a náisiúnú agus d'fhógair sé go raibh sé ar intinn aige cistí comhtháthaithe an Aontais a úsáid chun bonneagar a fhorbairt chun luach an aerfoirt a laghdú leis an aidhm costas a dhíshealbhaithe a laghdú, agus dochar á dhéanamh dá úinéirí reatha; á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an neamhshláine ar na bagairtí sin d'infheisteoirí idirnáisiúnta; á mheabhrú gur baineadh úsáid as cistí comhtháthaithe an Aontais chun an t-aerfort a chómhaoiniú, rud a rachadh chun tairbhe struchtúr oligarchic i gcás díol éigeantach nó neamhdheonach an aerfoirt; ag tabhairt dá haire gur fhorchuir an rialtas bacainní thar a bheith maorlathacha agus ceanglais bhreise ar an oibreoir aerfoirt; á chur in iúl go bhfuil ionadh uirthi faoi thairiscintí ceannaigh níos ísle don aerfort ag olagarchanna atá i dteagmháil dhíreach agus go dlúth leis an bPríomh-Aire;

131. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh an méadú ar phraghasanna tógála agus amhábhar an buiséad iomlán a athrú i gcás cuid mhaith tionscadal agus go bhféadfadh tearcbhuiséadú, garspriocanna caillte, cur chun feidhme dodhéanta a bheith mar thoradh air agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh sé an bonn a bhaint ó chroíghréasán TEN-T a thabhairt chun críche;

132. á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhfuair gnólacht caipitil fiontair na Portaingéile, Alpac Capital, 88 % de na scaireanna in Euronews, agus gur cosúil, de réir na dtuairiscí, go bhfuil dlúthnasc aige le Príomh-Aire na hUngáire; ag tabhairt dá haire go n-áirítear anois ar bhord eagarthóireachta Euronews triúr arna roghnú ag Alpac agus dá bhrí sin, á chur in iúl gur cúis bhuartha di go bhféadfadh tionchar a bheith aige sin ar a neamhspleáchas iomlán eagarthóireachta; ag tabhairt dá haire go bhfuair Euronews EUR 18,12 milliún ó bhuiséad an Aontais in 2020; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go n-úsáidfear an t-airgead sin ar mhaithe le clúdach nuachta atá oibiachtúil agus bunaithe ar fhíricí ag iriseoirí neamhspleácha;

Moltaí

133. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ráta earráide a sholáthar ar íocaíocht seachas ráta earráidí iarmharacha chun feabhas a chur ar an meastóireacht ar an ngrinnscrúdú a dhéanfar;

(b) leanúint dá comhar leis an gCúirt chun caighdeáin sonraí a chomhchuibhiú tuilleadh agus an léirmhíniú ar théacsanna dlí a ailíniú;

(c) na Ballstáit a spreagadh agus dlúthfhaireachán a dhéanamh orthu agus é ag baint úsáid as a scála caighdeánach costas aonaid, toisc gur féidir le simpliú breise ar rialacha agus ar nósanna imeachta rannchuidiú le húsáid níos éifeachtúla cistí agus le ráta earráide laghdaithe a bhaint amach, agus é á áirithiú ag an am céanna nach mbeidh éagothroimí iomarcacha ann i bhfabhar na mBallstát de thoradh na scéime;

(d) údaráis iniúchóireachta a spreagadh go sainráite chun ceisteanna sonracha a thabhairt isteach ina seicliostaí maidir le rioscaí calaoise agus na bearta a rinneadh chun aghaidh a thabhairt ar aon rioscaí den sórt sin a fuarthas le linn iniúchadh a dhoiciméadú; aird níos mó a thabhairt ar na Ballstáit nach bhfuil a gcórais bhainistíochta agus rialaithe ach iontaofa go páirteach, nó nach bhfuil siad iontaofa ar chor ar bith, agus tacaíocht theicniúil mhéadaithe a leithdháileadh orthu, i gcás ina bhfuil baol méadaithe calaoise agus éillithe a bhaineann le cistí ann;

(e) úsáid a bhaint as uirlisí TF amhail EDES agus Arachne éigeantach agus córasach le haghaidh chistí uile an Aontais, lena n-áirítear bainistiú comhroinnte, agus úsáid níos fearr as teicneolaíocht nua a áirithiú chun rialuithe a mhéadú agus buiséad an Aontais a chosaint ar chalaois agus ar mhí-úsáid cistí;

(f) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairisciú, faireacháin agus iniúchadh agus córas comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é a chuirfidh leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ach nach mbeidh teoranta dóibh sin amháin;

(g) a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit an comhionannas inscne a chur san áireamh agus a chur chun cinn le linn ullmhú, chur chun feidhme agus mheastóireacht na gclár uile mar a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]) agus i Rialachán (AE) 2021/1060;

(h) bainistiú fónta airgeadais a áirithiú maidir le húsáid cistí, lena n-áirítear urraim don smacht reachta agus do chearta bunúsacha, mar réamhchoinníollacha bunriachtanacha le haghaidh bainistiú fónta airgeadais agus cistiú éifeachtach;

(i) a áirithiú go gcuirfidh na Ballstáit faisnéis leordhóthanach ar fáil san achoimre bhliantúil ar chonclúidí agus ar bhearta leantacha i dtaobh oibríochtaí a bhfuil méideanna aistarraingthe acu ina leith ó chuntais atá fós faoi mheasúnú leanúnach rialtachta;

(j) athbhreithniú reachtach a mholadh a bheidh nasctha leis an athbhreithniú atá beartaithe a dhéanamh ar an Rialachán Airgeadais chun a áirithiú go ndéanfar an choinneáil íocaíochta a chosaint go leordhóthanach sula scaoilfear í, chun feabhas a chur ar a chuid oibre iniúchta, ar a phróiseas um dhoiciméadú agus athbhreithniú ar iniúchadh, chun na príomhghnéithe de rialtacht na faisnéise a chuirtear ar fáil sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí a neartú, agus chun a áirithiú go gcuirfidh Coláiste na gCoimisinéirí faisnéis ábhartha iontaofa ar fáil san AMPR; á chur i bhfios go láidir gur cheart raon feidhme soiléir, teoranta a bheith ag an togra, ionas nach ndéanfar difear diúltach d'fheidhmíocht na gcistí;

(k) feabhas a chur ar an gcur chuige a ghlactar i ndáil le staidéir ar chostais riaracháin tríd an méid a scrúdófar agus cathain a scrúdófar é a fhógairt, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar cibé acu a tugadh i gcrích nó nár tugadh i gcrích coigiltí measta ar chostais riaracháin;

(l) i gcomhthéacs an mhaoinithe fheidhmíochtbhunaithe sa Bheartas Comhtháthaithe, an úsáid is fearr a bhaint as coinníollacha cumasúcháin sa tréimhse 2021-2027, chun an bealach a ullmhú go luath d'athbhreithniú éifeachtach meántéarma, agus chun soiléiriú a dhéanamh ar na rialacha agus ar an gcur chuige chun dearbhú a sholáthar maidir le cistiú ón Aontas sa tsamhail chistiúcháin "maoiniú nach bhfuil nasctha le costais";

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

(m) na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, na Ballstáit agus an Coimisiún a spreagadh seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt le haghaidh iarratasóirí, go háirithe iarratasóirí nua, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do FBManna, do sheach-chuideachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do gach geallsealbhóir ábhartha eile;

(n) treoir agus rialuithe a sholáthar lena áirithiú go bhfuil íoschaighdeáin leormhaithe maidir le cearta sóisialta agus saothair ina gceanglais maidir le glaonna ar sholáthar poiblí, go háirithe i dtairiscintí tógála, ionas nach gcuirfear cuideachtaí an Aontais faoi mhíbhuntáiste iomaíoch i gcomparáid le tairgeoirí tríú tíortha; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú nach gceadófar ach amháin do chuideachtaí ó thríú tíortha a thugann cead do chuideachtaí an Aontais a bheith rannpháirteach ina nglaonna poiblí agus ina dtairiscintí poiblí, a bheith rannpháirteach i nglaonna agus tairiscintí poiblí Eorpacha chun a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann agus go mbeidh rochtain chomhionann ag cuideachtaí an Aontais agus cuideachtaí tríú tír;

(o) éascú a dhéanamh ar ghlacadh an tSásra Trasteorann Eorpaigh lena bhféadfaí tionchar dearfach a imirt ar luas cur chun feidhme na dtionscadal iompair trasteorann agus, ar deireadh, éifeachtúlacht na seirbhísí iompair a mhéadú sna réimsí sin;

Acmhainní nádúrtha

134. ag tabhairt dá haire gurb ionann ceannteideal CAI 2 "Acmhainní nádúrtha" agus 35 % nó EUR 60,6 billiún de bhuiséad an Aontais: den mhéid sin, caitear EUR 41,6 billiún (68,7 %) ar íocaíochtaí díreacha faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), EUR 2,6 billiún (4,3 %) ar chaiteachas a bhaineann leis an margadh faoi CERT, EUR 14,6 billiún (24,1 %) ar an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), EUR 0,9 billiún (1,4 %) ar an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) agus an chuid eile ar réimsí eile;

135. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla ina raibh 218 n-idirbheart, lena gcumhdaítear 19 mBallstát agus an Ríocht Aontaithe, a ceapadh chun bheith ionadaíoch do raon iomlán an chaiteachais faoin gCeannteideal CAI sin; ag tabhairt dá haire go ndearna an Chúirt scrúdú freisin ar na Tuarascálacha Bliantúla ar Ghníomhaíochtaí de chuid Ard-Stiúrthóireacht na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe (AS AGRI) agus Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil (AS ENV) sa Choimisiún Eorpach, chomh maith le AMPR;

136. ag tabhairt dá haire agus é ina dhíol sásaimh di go dtacaíonn obair na Cúirte leis an gconclúid go raibh na híocaíochtaí díreacha ina n-iomláine saor ó earráid ábhartha, agus gurbh ionann iad agus 69 % den chaiteachas faoin gCeannteideal CAI sin; ag tabhairt dá haire go bhfuil íocaíochtaí díreacha le feirmeoirí bunaithe ar theidlíocht agus go ngabhann riosca níos ísle earráide leis na híocaíochtaí sin ar choinníoll nach bhfuil na coinníollacha a ghabhann leo casta; á aithint gurb amhlaidh, de réir na Cúirte, gur córas éifeachtach bainistithe agus rialaithe iad na príomhuirlisí bainistithe le haghaidh íocaíochtaí díreacha, an Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialaithe (CCRR) agus an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún (LPIS); ag tabhairt dá haire nár cheart don athchóiriú ar CBT tar éis 2022 a bheith bunaithe a thuilleadh ar chomhlíonadh ach bunaithe ar fheidhmíocht; ag dréim leis go mbeidh tionchar dearfach ag an athrú bunúsach sin ar ráta earráide na n-íocaíochtaí díreacha;

137. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur bhraith an Chúirt earráidí san fhorbairt tuaithe, i mbearta margaidh agus i réimsí caiteachais eile "acmhainní nádúrtha", arb ionann iad agus 31 % den chaiteachas; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an measúnú ón gCúirt go gcuireann coinníollacha incháilitheachta níos casta leis an riosca earráide; á chur in iúl gurb oth léi go meastar an leibhéal earráide a bheith ábhartha sa réimse seo;

138. á aithint gur ríomh AS AGRI go raibh an riosca tráth na híocaíochta ag thart ar 1,9 % i gcás chaiteachas CBT ina iomláine in 2020; ag tabhairt dá haire go measann an Chúirt gurb é 2 % an leibhéal earráide, arb ionann é agus méadú 0,1 % i gcomparáid le 2019; á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an leibhéal earráide sa chaiteachas ar "acmhainní nádúrtha" gar don leibhéal ábharthachta;

139. á chur in iúl gur geal léi an úsáid a bhaintear as teicneolaíochtaí nua amhail seiceálacha trí fhaireachán a dhéanamh, agus úsáid á baint as próisis uathoibrithe atá bunaithe ar shonraí satailíte Sentinel ó Chlár Copernicus an Aontais chun comhlíonadh rialacha áirithe de chuid CBT a sheiceáil; á chur in iúl gur geal léi go ndearnadh na hathruithe sin a fhormheas do CBT i ndiaidh 2022 freisin agus ag spreagadh na mBallstát chun leas a bhaint as na deiseanna sin a mhéid is féidir;

140. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil gealltanas tugtha ag an gCoimisiún tacaíocht a thabhairt do na Ballstáit an cur chuige nua a fhorbairt i ndáil le seiceálacha trí fhaireachán a dhéanamh; ag tabhairt dá haire gur féidir le gníomhaireachtaí íocaíochta na mBallstát na cineálacha seiceálacha sin a dhéanamh ó 2018 i leith, ach á chur in iúl gurb oth léi cumhdach teoranta na seiceálacha sin in 2020; ag tacú leis an moladh ón gCúirt don Choimisiún seiceálacha a chur chun cinn trí fhaireachán a dhéanamh mar phríomhchóras rialaithe do CBT iar-2022;

141. á chur in iúl gurb oth léi go mór go bhfágann teip an Choimisiúin sonraí iontaofa a bhailiú maidir le tairbhithe deiridh chistí CBT gurb ann do go leor cásanna neamhréitithe maidir le cistí a aisghabháil ag na Ballstáit; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil úsáid á baint as uirlisí tuairiscithe agus faireacháin, amhail ARACHNE, ach ar bhonn roghnach amháin;

142. á chur in iúl gurb oth léi na laigí athfhillteacha arna sainaithint ag an gCúirt maidir leis an riosca ar íocaíocht a dhéanann difear do chaiteachas ar "Acmhainní Nádúrtha", a bhaineann le rialuithe na mBallstát, rud a léirítear ina staidreamh rialaithe;

143. ag meabhrú na laigí arna sainaithint ag an gCúirt maidir le beartais agus nósanna imeachta frith-chalaoise CBT ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit araon; ag meabhrú an mholta a tugadh don Choimisiún sa tuarascáil bhliantúil an bhliain seo caite agus ag tabhairt dá haire go ndearna AS AGRI a straitéis Frith-Chalaoise a nuashonrú in 2020; ag fanacht leis an Tuarascáil Speisialta ón gCúirt maidir le CBT agus bearta frithchalaoise, ar cuireadh moill uirthi go dtí an dara ráithe de 2022, chun mionanailís a dhéanamh ar an staid mar atá faoi láthair;

144. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, 29 cás OLAF a bhaineann le cistí struchtúracha agus talmhaíochta sa Bhulgáir; á chur in iúl gur cúis imní di torthaí an staidéir ar thionchar na coireachta eagraithe ar leasanna airgeadais AE inar sainaithníodh an chuid is mó de sháruithe sa Bhulgáir a bheith i réimse an mhaoinithe talmhaíochta, go háirithe i réimse na bhfóirdheontas do bharra talmhaíochta, chomh maith le tógáil tithe aíochta "bréaga" a úsáidtear go hiarbhír mar thithe príobháideacha; á chur in iúl go bhfuil sí ar an eolas nach teoranta don Bhulgáir amháin atá an tsaincheist maidir le tithe aíochta "bréaga" a chómhaoinítear ag AE, toisc gur sainaithníodh saincheisteanna comhchosúla sa tSlóvaic agus sa tSeicia freisin; ag tabhairt dá haire go bhfuil faireachán á dhéanamh ag an gCoimisiún ar an staid agus á chur in iúl go bhfuil sí ag dréim leis go ndéanfaidh an Coimisiún beart cinntitheach gan mhoill i gcoinne na gcineálacha sin calaoise fóirdheontais; ag tabhairt dá haire freisin nár chuir údaráis na Bulgáire san áireamh maoiniú do bhearta comhchosúla i gclárthréimhse reatha 2021-2027;

145. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb amhlaidh, de réir Thuarascáil Speisialta Uimh. 16/2021 ón gCúirt, *Common Agricultural Policy and climate – Half of EU climate spending but farm emissions are not decreasing* [An Comhbheartas Talmhaíochta agus an aeráid – Leath de chaiteachas an Aontais ar an aeráid ach níl astaíochtaí feirme ag laghdú], nach bhfuil astaíochtaí beostoic tar éis laghdú de bharr CBT, go bhfuil méadú ag teacht ar astaíochtaí ó leasacháin agus ó aoileach ar ithreacha, nár tháinig méadú foriomlán ar an gcion carbóin a stóráiltear in ithreacha agus i bplandaí mar thoradh ar bhearta CBT, agus nár léiríodh leis na hathruithe a rinneadh sa tréimhse 2014-2020 ar CBT a uaillmhian nua i dtaobh na haeráide;

146. á chur in iúl gurb oth léi, de réir mar a chinn an Chúirt ina Tuarascáil Speisialta Uimh. 20/2021 *Sustainable water use in agriculture: CAP funds more likely to promote greater rather than more efficient water use* [Úsáid inbhuanaithe uisce sa talmhaíocht: is mó an dóchúlacht go mbainfear tuilleadh úsáide seachas úsáid níos éifeachtúla as uisce de bharr cistí CBT], gur beag an spreagadh a thugtar le híocaíochtaí díreacha ó CBT chun úsáid éifeachtúil a bhaint as uisce, agus nach ndéantar le cistí forbartha tuaithe agus le bearta margaidh úsáid inbhuanaithe uisce a chur chun cinn go suntasach;

147. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gurb ann, de réir Thuarascáil Speisialta 13/2020 ón gCúirt dar teideal *Biodiversity on farmland: CAP contribution has not halted the decline* [Bithéagsúlacht ar thalamh feirme: níor chuir ranníocaíocht ó CBT stop leis an meath], do laigí i ndearadh straitéis bhithéagsúlachta an Aontais, i gcomhordú an straitéis sin le CBT agus san fhaireachán a dhéantar air; á chur in iúl gurb oth léi gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid gur beag an tionchar dearfach atá ag an gcuid is mó de chistiú CBT ar an mbithéagsúlacht;

148. á mheabhrú a thábhachtaí atá leithdháileadh cothrom CBT, lenar cheart, ar thaobh amháin, aon mhí-úsáid cistí a sheachaint, go háirithe ag daoine aonair, scothaicmí agus ilchuideachtaí móra a bhfuil tábhacht pholaitiúil ag baint leo, agus díriú ar fheirmeoirí gníomhacha ar an taobh eile; á thabhairt le fios gur léiríodh i staidéar ([7]) a rinneadh ar chur chun feidhme chistí CBT gur fadhb mhór í eisíocaíocht chistí talmhaíochta AE i gcúig Bhallstát ([8]) ar a laghad agus go bhfuil éagothroime shoiléir ann idir leithdháiltí cistí d'fheirmeoirí móra agus beaga, lena ngabhann buntáistí córasacha d'fheirmeacha móra a bhfuil dlúthnaisc ag a dtairbhithe leis na páirtithe polaitiúla atá i gceannas nó ar comhaltaí iad féin de na páirtithe sin ina dtíortha féin ([9]);

149. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt go ndírítear le faisnéis feidhmíochta an Choimisiúin ar ionchuir, ar aschuir agus ar ranníocaíocht airgeadais seachas ar thorthaí; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil inmharthanacht eacnamaíoch an iascaigh ag dul i méid; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil na sonraí maidir leis an dobharshaothrú chomh cinntitheach sin;

([7]) Sabeb et al 2021: CÉN ÁIT A dTÉANN AIRGEAD AE? ANAILÍS AR CHUR CHUN FEIDHME CHISTÍ CBT SA BHULGÁIR, SA tSEICIA, SAN UNGÁIR, SA tSLÓVAIC AGUS SA RÓMÁIN.

([8]) An Bhulgáir, an tSeicia, an Ungáir, an tSlóvaic agus an Rómáin.

([9]) Tuarascáil INI ar "CAI 2021-2027: an comhrac i gcoinne struchtúir oligairc, cosaint chistí an Aontais ar chalaois agus ar choinbhleacht leasa" CONT 2020/2126 (INI).

150. ag tabhairt dá haire go dtuairiscíonn an Coimisiún ar chaiteachas CEMI i dtaobh cuspóirí comhshaoil; á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil an nasc idir é sin agus na heochairtháscairí comhshaoil soiléir; á chur in iúl gurb oth léi nach dócha go mbainfear amach cuspóir caomhantais an Chomhbheartais Iascaigh (CBI);

151. ag tabhairt dá haire gur thacaigh cistí SIE faoi dheireadh 2020 le breis agus 2 milliún tionscadal in earnáil na talmhaíochta agus i gceantair thuaithe agus gur chuidigh siad le 31 500 post a choinneáil agus 4 000 post nua a chruthú san earnáil mhuirí agus iascaigh; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur cruthaíodh breis agus 54 000 post nua trí thionscadail a fhaigheann tacaíocht ó chláir forbartha tuaithe agus gur bhain 131 000 feirmeoir óg tairbhe as an tacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta;

Moltaí

152. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, na Ballstáit a spreagadh seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt le haghaidh iarratasóirí, go háirithe iarratasóirí nua, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte d'fheirmeoirí óga, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do sheach-chuideachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do gach geallsealbhóir ábhartha eile;

(b) leas níos fearr a bhaint as an intleacht shaorga agus na sonraí ó theicneolaíochtaí nua amhail satailítí Copernicus Sentinel atá faoi úinéireacht AE, agus úsáid IS agus na sonraí sin a spreagadh, chun faireachán agus rialú a dhéanamh ar an úsáid cheart a bhaintear as cistí CBT;

(c) an úsáid a bhaintear as na huirlisí TF, Arachne agus EDES, a chur ar bhonn éigeantach córasach le haghaidh gníomhaireachtaí íocaíochta, mar uirlis thábhachtach is féidir a úsáid chun tionscadail, tairbhithe agus conraitheoirí atá i mbaol calaoise a shainaithint;

(d) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairiscithe, faireacháin agus iniúchta agus córas comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é a chuirfidh leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ach nach mbeidh teoranta dóibh sin amháin;

(e) a fhaisnéis feidhmíochta a dhíriú ar thorthaí agus nasc soiléir a bhunú idir rannchuidithe cláir agus na gnóthachtálacha arna ndearbhú chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtacht na gclár;

(f) cur chuige na seiceálacha trí fhaireachán a chur chun cinn mar eochairchóras rialúcháin do ghníomhaireachtaí íocaíochta; úsáid dhomhanda chórasach a bhaint as teicneolaíochtaí nua chun faireachán a dhéanamh ar spriocanna comhshaoil agus bithéagsúlachta agus ar cheanglais aeráide faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Ghlais; acmhainní airgeadais agus daonna leormhaithe a sholáthar do ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin amhail an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil agus an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, a bhfuil ualach oibre méadaithe os a gcomhair mar gheall ar phaindéim COVID-19 nó mar gheall ar chlár gníomhaíochta an Chomhaontaithe Ghlais;

(g) beart a dhéanamh ionas go ndéantar, de bharr CBT, astaíochtaí ón talmhaíocht a laghdú, astaíochtaí ó ithreacha orgánacha saothraithe draenáilte a laghdú, agus tuairisciú a dhéanamh go rialta ar rannchuidiú CBT le maolú ar an athrú aeráide; á chur in iúl gur geal léi gur glacadh, idir an dá linn, an t-athchóiriú nua ar CBT agus teachtaireacht F2F (Ón bhFeirm go dtí an Forc);

(h) réasúnuithe a iarraidh le haghaidh díolúintí ó chur chun feidhme na Creat-Treorach Uisce sa talmhaíocht, na híocaíochtaí faoi CBT a cheangal le comhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil, agus cistí an Aontais a úsáid chun stádas cainníochtúil na ndobharlach a fheabhsú;

(i) feabhas a chur ar chomhordú agus ar dhearadh na straitéise bithéagsúlachta tar éis 2020 agus caiteachas a rianú ar bhealach níos cruinne, rannchuidiú na n-íocaíochtaí díreacha agus na forbartha tuaithe le bithéagsúlacht talún feirme a fheabhsú, agus tionchar bhearta CBT ar an mbithéagsúlacht sin a léiriú;

(j.) forbairt feirmeacha orgánacha a shaothrú; béim a leagan ar an bhfíric nach bhfuil ach 8 % de thalamh talmhaíochta na hEorpa tiomnaithe do bhia orgánach agus nach ann ach do 303 000 feirmeoir bia orgánaigh as na 7 milliún feirmeoir a bhaineann tairbhe as cistí CBT;

(k) a áirithiú gur tosaíocht í an inrochtaineacht talún chun samhail na feirme teaghlaigh a choimeád agus chun gur féidir le feirmeoirí óga a gcuid gníomhaíochtaí a fhorbairt;

(l) éifeachtúlacht CBT a mhéadú trí thacaíocht a thabhairt d'fheirmeoirí gníomhacha arb í an fheirmeoireacht a bpríomhghníomhaíocht;

(m) infheistíochtaí a chur chun cinn bheidh ina rannchuidiú le téarnamh eacnamaíoch níos athléimní agus níos digití i gcomhréir leis an gComhaontú Glas agus arb infheistíochtaí iad atá bunriachtanach d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíoch na gceantar tuaithe;

Slándáil agus saoránacht

153. ag tabhairt dá haire gur 3,7 % nó EUR 6,3 billiún de bhuiséad an Aontais atá i gceannteideal CAI 3 "Slándáil agus saoránacht": den mhéid sin caitear EUR 2,6 billiún (40,5 %) ar ionstraim Tacaíochta Éigeandála laistigh den Aontas, EUR 1,6 billiún (25,3 %) ar an imirce agus ar an tslándáil, EUR 1,2 billiún (18,5 %) ar ghníomhaireachtaí díláraithe, EUR 0,2 billiún (3,7 %) ar Bhia agus Beatha, EUR 0,2 billiún (3,8 %) ar Eoraip na Cruthaitheachta, agus an fuílleach ar réimsí eile;

154. ag tabhairt dá haire go mbaineann an réimse is suntasaí den chaiteachas leis an Ionstraim Tacaíochta Éigeandála (ESI), a cuireadh ar bun in Aibreán 2020 chun cabhrú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar phaindéim COVID-19 trí chistiú a dhéanamh, i measc nithe eile, ar othair a aistriú agus a iompar ar bhonn trasteorann, ar phearsanra leighis agus ítimí riachtanacha leighis, ar thaighde agus táirgeadh vacsaíní agus cóireálacha, agus ar sholáthairtí tástála a fhorbairt, a cheannach agus a dháileadh;

155. á chur in iúl gur díol imní di gur chinn Cúirt Iniúchóirí na hEorpa i dTuarascáil Speisialta Uimh. 10/2021 uaithi nár chuir an Coimisiún príomhshruthú inscne i bhfeidhm go leormhaith i mBuiséad an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún modheolaíocht príomhshruthaithe inscne a fhorbairt go práinneach chun peirspictíocht comhionannais inscne a chomhtháthú i ngach réimse beartais, lena n-áirítear úsáid a bhaint as sonraí agus táscairí inscne-imdhealaithe; á mheabhrú go bhfuil gá níos práinní le príomhshruthú inscne i bhfianaise thionchar phaindéim COVID-19 ar chúrsaí inscne;

156. á chur in iúl gurb oth léi go raibh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i measc na n-earnálacha is measa a d'fhulaing de dheasca phaindéim COVID-19 in 2020; ag tabhairt dá haire gurb amhlaidh, cé gur tugadh isteach bearta solúbtha agus gur tugadh, leis an bhfochlár meán, tacaíocht bhreise do bhaill Europa Cinemas a raibh dúnadh éigeantach orthu (tacaíocht arb ionann í agus EUR 16 mhilliún), gur tearcfheidhmíocht a bhí le sonrú ar an bhfochlár ó thaobh táscairí áirithe, go háirithe ó thaobh mhéid an lucht féachana a bhí i láthair pearsanta ag ócáidí;

157. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla ina raibh 27 idirbheart, a ceapadh chun cur leis an ráiteas dearbhaithe foriomlán seachas a bheith ionadaíoch ar chaiteachas faoin gceannteideal CAI sin; ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt na tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ón Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus um Ghnóthaí Baile (AS HOME) agus ón Ard-Stiúrthóireacht na Líonraí Cumarsáide, an Ábhair Dhigitigh agus na Teicneolaíochta (AS CONNECT) agus atá san áireamh in AMPR;

158. ag tabhairt dá haire nach raibh an Chúirt in ann an ráta earráide a mheas; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur bhain earráidí do 8 (30 %) de na 27 idirbheart a scrúdaigh an Chúirt; á thabhairt chun suntais gur tháinig an Chúirt ar chásanna de neamhchomhlíonadh forálacha dlíthiúla agus airgeadais, ach nach raibh tionchar airgeadais acu ar bhuiséad an Aontais; ag tabhairt dá haire go mbaineann na hearráidí le roghnú tionscadal agus le cur i bhfeidhm rialacha soláthair, le tíolacadh doiciméadachta neamhiomláine mar thaca le héilimh ar chostais, agus le feidhmiú lochtach córais TF;

159. á chur in iúl gurb oth léi nach raibh sé de chumas ag an gCúirt a torthaí iniúchóireachta a chur i gcomparáid leis an bhfaisnéis arna tuairisciú ag AS HOME agus ag AS CONNECT maidir le rialtacht an chaiteachais mar gheall ar shampla teoranta na 27 idirbheart do 2020; á iarraidh ar an gCúirt a sampla a leathnú agus é a dhéanamh níos ionadaíche maidir leis an réimse caiteachais sin, chun meastóireacht níos doimhne a dhéanamh ar an gceannteideal sin;

160. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil ón gCúirt maidir le feidhmíocht an Chiste Slándála Inmheánaí - Teorainneacha agus Víosaí (CSI TV), arb ionann é 8,1 % d'iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh faoi dheireadh 2020 i ndáil leis an gceannteideal CAI sin, bunaithe ar AMPR 2020, na clár-ráitis i ndáil le dréachtbhuiséad 2022, eochairmheastóireachtaí agus tuarascálacha eile;

161. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt go raibh difríochtaí suntasacha i gcur chun feidhme na gclár náisiúnta agus go bhfuil bearnaí san fhaisnéis maidir le feidhmíocht an Chiste Slándála Inmheánaí – Teorainneacha agus Víosaí; ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil an méid a chuireann ISF-Teorainneacha agus Víosaí le bainistiú éifeachtach teorainneacha ag brath ar fhaisnéis iontaofa, ábhartha agus chothrom le dáta a bheith ag na Ballstáit i gcórais TF; á chur in iúl gur cúis imní di go gcuirtear bac ar bhainistiú éifeachtach teorainneacha mar gheall ar cháilíocht neamhleor sonraí agus oiliúint na ngardaí teorann; ag tabhairt dá haire go dtugtar, le táscairí feidhmíochta a foilsíodh sa AMPR, léargas dóchasach ar fheidhmíocht an Chiste Slándála Inmheánaí – Teorainneacha agus Víosaí;

162. ag tabhairt dá haire gur tháinig an Chúirt ar an gconclúid nár rannchuidigh an clár go leordhóthanach le cur i bhfeidhm comhsheasmhach an *acquis* trí oiliúint; ag tabhairt dá haire gur léiríodh sna cinntí ón gCúirt gur rannchuidigh ISF-Teorainneacha agus Víosa le próiseáil éifeachtach víosaí trí mhaoiniú a chur ar fáil d'uasghrádú a dhéanamh ar 2 680 consalacht (290 % de sprioc 2020); ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil 4 322 ball foirne (38 % de sprioc 2020) oilte sa chomhbheartas víosaí go dtí seo, rud a d'fhéadfadh, de réir na Cúirte, an baol a mhéadú nach ndéanfaí iarratais ar víosaí Schengen a phróiseáil ar bhealach comhchuibhithe;

163. á chur in iúl gur geal léi an rath a bhí ar an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht faoin tsraith de lánpháirtiú éifeachtach agus imirce dhleathach agus ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go bhfuil an sprioc de 2,6 milliún duine don tréimhse 2014-2020 sáraithe go mór toisc go bhfuair beagnach 6 milliún duine sa spriocghrúpa cúnamh lánpháirtíochta;

164. á chur i bhfios go láidir gur comhpháirtithe tábhachtacha agus luachmhara cur chun feidhme de chuid an Choimisiúin iad ENRanna go háirithe i réimse na slándála agus na saoránachta; ag tabhairt dá haire go bhféadfar cistí a íoc le brateagraíochtaí a dháileann an maoiniú agus a chuireann ar aghaidh é chuig balleagraíochtaí nó chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha comhpháirtíochta ar an láthair; á chur in iúl gur ábhar imní di nach bhfuil ach forléargas teoranta ag an gCoimisiún ar fhaighteoirí deiridh an chistithe; á chur in iúl gur ábhar mór imní di go bhféadfadh cistí an Aontais a bheith chun tairbhe eagraíochtaí a ghríosaíonn an sceimhlitheoireacht nó an t-antoisceachas, fiú más neamhbheartaithe é sin; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim go bhfuil gá le rialacha le haghaidh brateagraíochtaí a chuireann cistiú ón Aontas ar aghaidh chuig a mballeagraíochtaí nó chuig eagraíochtaí neamhrialtasacha comhpháirtíochta atá cosúil leis na forálacha maidir le trédhearcacht na dtairbhithe deiridh, na n-úinéirí tairbhiúla agus na bhfochonraitheoirí mar a comhaontaíodh in Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán nua na bhForálacha Coiteanna;

Moltaí

165. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) comhar níos fearr a fhorbairt leis na Ballstáit uile, ag meabhrú gur tosaíocht don Aontas iad na dúshláin a bhaineann le bainistiú slándála agus imirce; ag aithint iarrachtaí an Choimisiúin i ndáil leis an méid sin;

(b) treoir dhlíthiúil shoiléir a eisiúint chun faisnéis thrédhearcach chruinn iomlán arna soláthar ag na Ballstáit maidir le bainistiú teorainneacha a áirithiú; á mheabhrú gur gá rialacha ceangailteacha a leagan amach agus tuilleadh treorach a eisiúint maidir le córais TF um bainistiú teorainneacha chun bainistiú tapa éifeachtach teorainneacha a áirithiú; tuairisc a thabhairt don údarás um urscaoileadh go tráthrialta faoi fheabhsuithe ó thaobh cáilíocht sonraí cothrom le dáta agus oiliúint leordhóthanach i ngach ceann de na Ballstáit faoi seach;

(c) rialacha agus nósanna imeachta a shimpliú, seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt d'iarratasóirí, go háirithe iarratasóirí nua agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do na geallsealbhóirí, do na gníomhaireachtaí riaracháin agus do na gníomhaireachtaí íocaíochta uile;

(d) seiceáil chúramach a dhéanamh ar incháilitheacht na gcostas arna dtíolacadh ag tairbhithe ghníomhaíochtaí ESI agus, go háirithe, rialtacht na nósanna imeachta soláthair;

(e) treoir a thabhairt d'údaráis na mBallstát atá freagrach as cistí AS HOME a chur chun feidhme, in CAI 2014-2020 agus in CAI 2021-2027 araon, maidir le hiomláine agus cáilíocht na seirbhísí a dhoiciméadú nuair atá an cistiú bunaithe ar chostais aonaid chaighdeánacha;

(f) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairiscithe, faireacháin agus iniúchta agus córas comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é a chuirfidh leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ach nach mbeidh teoranta dóibh sin amháin;

(g) rialacha a mholadh maidir le trédhearcacht brateagraíochtaí nó ENRanna comhpháirtíochta a chuireann cistiú ón Aontas ar aghaidh chuig a mballeagraíochtaí atá cosúil leis na forálacha a bhaineann le tairbhithe deiridh, úinéirí tairbhiúla agus fochonraitheoirí in Iarscríbhinn XVII de Rialachán na bhForálacha Coiteanna;

(h) acmhainní a mhéadú atá tiomanta d'fhoréigean inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac maidir le saoránaigh, comhionannas, cearta agus luachanna, go háirithe i bhfianaise an ghéaraithe ar an bhforéigean in aghaidh na mban;

(i) tacú le treoirthionscadail na Parlaiminte lena dtugtar aghaidh ar riachtanais daoine óga agus lena n-áirithítear ceartas idirghlúine;

(j) na Ballstáit a spreagadh chun tionscnaimh speisialta a fhorbairt lena gcumasófar agus lena simpleofar rochtain ar chultúr agus ar shoghluaisteacht d'óige na hEorpa, agus réitigh nuálacha a lorg chun taisteal trí iompar atá neamhdhíobhálach don chomhshaol thart timpeall na hEorpa a dhéanamh níos inacmhainne;

(k) imscrúdú a dhéanamh ar na háiteanna go díreach ar infheistíodh cistí an Aontais i gcláir AMIF agus na feabhsuithe sonracha a rinneadh dá mbarr; á iarraidh ar an gCoimisiún tuarascáil chomhfhreagrach a thabhairt i leith gach ceann de na Ballstáit lena mbaineann;

(l) bearta a chur chun feidhme chun comhlántacht agus comhordú níos fearr a áirithiú idir AMIF agus EASO/Frontex ((e)(g) i réimse na bhfillteacha éigeantais nó i réimse na tacaíochta d'údaráis tearmainn);

(m) leas a bhaint as cabhair um fhorbairt mar uirlis chun comhar níos fearr a éascú le tíortha tionscnaimh na n-imirceach;

(n) fíorú críochnúil a dhéanamh go bhfuil cistí de chuid an Aontais á n-úsáid ag tríú heintitis, ag a gcleamhnaithe, agus/nó ag daoine nádúrtha chun a áirithiú nach leithdháilfear aon chistí ná nach mbeidh aon nasc acu le cúis nó cineál ar bith sceimhlitheoireachta agus/nó le radacú reiligiúnach agus polaitiúil;a áirithiú go ndéanfar daoine aonair nó grúpaí atá cleamhnaithe le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta, atá nasctha le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta nó a thacaíonn leo, a eisiamh ó chistiú ón Aontas; a áirithiú go ndéanfar na cistí sin de chuid an Aontais a aisghabháil go réamhghníomhach, agus go ndéanfar na faighteoirí lena mbaineann a eisiamh ó chistiú ón Aontas amach anseo;

(o) cuid de chistí an Aontais a chalcadh agus a chur láithreach i gcúlchiste i gcás ina n-aimsíonn an tAontas neamhrialtacht maidir le haon eintiteas incháilithe, aon chleamhnaithe agus/nó aon duine nádúrtha atá nasctha le haon chúis nó cineál sceimhlitheoireachta agus/nó radacú reiligiúnach agus polaitiúil, agus gan na cistí sin de chuid an Aontais a scaoileadh ón gcúlchiste ach amháin nuair atá fianaise leordhóthanach bailithe ag an Aontas chun a áirithiú go gcomhlíonfar rialacháin an Aontais;

(p) nochtadh agus trédhearcacht níos mó a sholáthar maidir le himscrúduithe a dhéanann sé féin nó a heintitis amhail an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) tar éis neamhrialtachtaí maidir le cistiú an Aontais, go háirithe nuair a bhaineann an t-imscrúdú sin le cistiú Aontais a bheith nasctha le haon chúis nó le haon chineál sceimhlitheoireachta agus/nó radacú reiligiúnach agus polaitiúil;

An Eoraip Dhomhanda

166. ag tabhairt dá haire gurb ionann ceannteideal CAI 4 "an Eoraip Dhomhanda" agus 6,6 % nó EUR 11,4 billiún de bhuiséad an Aontais: den mhéid sin, caitear EUR 3 bhilliún (26,7 %) ar an Ionstraim maidir le Comhar um Fhorbairt (DCI), EUR 2,7 billiún (23,2 %) ar an Ionstraim Eorpach Comharsanachta (IEC), EUR 1,9 billiún (16,9 %) ar an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA), EUR 1,9 billiún (16,8 %) ar Chabhair Dhaonnúil, agus an chuid eile ar ghníomhaíochtaí eile agus ar chláir eile;

167. ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt sampla ina raibh 75 idirbheart, a ceapadh chun cur leis an ráiteas dearbhaithe foriomlán seachas a bheith ionadaíoch ar chaiteachas faoin gceannteideal CAI sin; ag tabhairt dá haire gur scrúdaigh an Chúirt freisin rialtacht na faisnéise sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ó Ard-Stiúrthóireacht um Chomhpháirtíochtaí Idirnáisiúnta (AS INTPA) agus ón Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus um Chaibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR), chomh maith le AMPR;

168. ag tabhairt dá haire nach ndearna an Chúirt iniúchadh ar líon leordhóthanach idirbheart chun an leibhéal earráide i ndáil leis an gceannteideal CAI sin a mheas; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gurb amhlaidh, de na 75 idirbheart a scrúdaíodh, a bhain earráidí do 28 (37,3 %) díobh; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go raibh roinnt eagraíochtaí idirnáisiúnta ann nár thug ach rochtain theoranta ar dhoiciméid, agus go ndearna roinnt acu sainordú na Cúirte a cheistiú;

169. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur costais neamh-incháilithe, costais nach dtabhaítear, earráidí soláthair phoiblí agus easpa doiciméid tacaíochta iad na catagóirí ginearálta cinntí ón gCúirt i ndáil leis "an Eoraip Dhomhanda"; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur tháinig an Chúirt arís ar roinnt mórthosca a chuir as riocht an staidéar ar ráta earráide iarmharach (RER) a rinne AS NEAR; á cáineadh nach dtéitear, leis an gcreat rialála lena rialaítear an staidéar RER ná leis an gconradh idir AS NEAR agus an conraitheoir RER, i ngleic leis an riosca calaoise ná nach luaitear iontu an riosca calaoise; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil aon nós imeachta ann lena gceanglaítear ar an gconraitheoir tuairisciú a dhéanamh don Choimisiún i dtaobh cásanna amhrasta calaoise i leith bhuiséad an Aontais a bhraitear le linn a chuid oibre RER;

170. á chur in iúl gur geal léi an tuarascáil ón gCúirt maidir le feidhmíocht na hIonstraime um Chúnamh Réamhaontachais II (IPA II), arb ionann í agus 12,6 % (EUR 5,6 billiún) d'iomlán na n-íocaíochtaí arna ndéanamh go deireadh 2020 i ndáil leis an gceannteideal CAI sin; bunaithe ar fhaisnéis feidhmíochta ón gCoimisiún Eorpach, lena n-áirítear AMPR 2020, clár-ráitis i ndáil le dréachtbhuiséad 2022, agus tuarascáil bhliantúil 2020 ar ghníomhaíochtaí ó AS NEAR; agus eochairmheastóireachtaí agus tuarascálacha eile;

171. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, nach bhfuil an chuid is mó de na táscairí ar an mbóthar ceart nó nach bhfuil a ndul chun cinn soiléir; á chur i bhfios go láidir gur rogha straitéiseach a bhí sa chur chuige earnála chun feidhmíocht IPA II a fheabhsú; á chur in iúl gurb oth léi nárbh fhéidir é a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach; á chur in iúl gurb oth léi go raibh drochthionchar, uaireanta, ag an mbainistiú indíreach a rinne tíortha tairbhíocha ar an éifeachtúlacht oibríochtúil;

172. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil IPA II tar éis freagairt go solúbtha chun cabhrú le géarchéimeanna a mhaolú; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil roinnt bearnaí san fhaisnéis faoi fheidhmíocht IPA II; ag tabhairt dá haire go ndeirtear sa bharúil ón gCúirt go bhfuil cur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla mall ar an iomlán, agus go ndeirtear sa chonclúid uaithi go mbraitheann a ndul chun cinn ní hamháin ar thacaíocht IPA II, ach ar ghnéithe comhthéacsúla eile freisin amhail toil pholaitiúil thairbhí IPA II lena mbaineann; ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur chinn an Chúirt go raibh tacaíocht an Aontais níos éifeachtaí ó thaobh athchóirithe bunúsacha a chur chun cinn ná ó thaobh a gcur chun feidhme a áirithiú;

173. ag meabhrú go bhfuil sé d'aidhm ag beartas na forbartha agus an chomhair an bhochtaineacht a dhíothú agus an neamhionannas a laghdú agus nár cheart do chistí ach na tairbhithe a bheartaítear dóibh a bhaint amach;

174. á áitiú a thábhachtaí atá rannpháirtíocht ghníomhach na Parlaiminte i bhforbairt comhaontuithe comhpháirtíochta agus comhair le tríú tíortha; á chur i bhfáth gur cheart go mbeadh comhaontuithe comhpháirtíochta amach anseo faoi réir grinnscrúdú parlaiminteach agus bunaithe ar phrionsabail na dlúthpháirtíochta, na freagrachta comhroinnte, na hurraime do chearta an duine, an smachta reachta agus an dlí dhaonnúil idirnáisiúnta;

175. á chur in iúl gur saoth léi nár baineadh ábhar fadhbach agus fuathach i dtéacsleabhair scoile Palaistíneacha go fóill agus á chur in iúl gur cúis bhuartha di an mhainneachtain leanúnach gníomhú go héifeachtach i gcoinne na fuathchainte agus an fhoréigin i dtéacsleabhair scoile agus go háirithe sna cártaí staidéir nua-chruthaithe; ag athdhearbhú a seasaimh nach mór go mbeadh na téacsleabhair agus na hábhair uile a fhaigheann tacaíocht ó Chistí an Aontais agus a úsáidtear i scoileanna i gcomhréir le caighdeáin síochána, caoinfhulaingthe, cómhaireachtála agus neamhfhoréigean UNESCO; á áitiú, thairis sin, go n-úsáidfear tuarastail na múinteoirí agus na státseirbhíseach san earnáil oideachais a mhaoinítear ó chistí an Aontais amhail PEGASE le haghaidh curaclaim dréachtaithe agus teagaisc lena léirítear caighdeáin síochána, caoinfhulaingthe, cómhaireachtála agus neamhfhoréigean UNESCO, mar a chinn Airí Oideachais an Aontais i bPáras ar an 17 Márta 2015; agus cinntí na Parlaiminte maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh do na blianta airgeadais 2016, 2018 agus 2019; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, grinnscrúdú géar a dhéanamh ar an gcaoi ghasta a n-athróidh Údarás na Palaistíne (PA) agus na saineolaithe ábhartha an curaclam;

Moltaí

176. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta a dhéanamh ionas go gcuirfidh eagraíochtaí idirnáisiúnta rochtain iomlán, neamhtheoranta agus thráthúil ar fáil don Chúirt ar dhoiciméid is gá chun a cúram a chur i gcrích i gcomhréir le CFAE;

(b) nós imeachta a bhunú chun a áirithiú go ndéanfaidh eagraíochtaí comhpháirtíochta leithdháileadh na gcostas comhroinnte a bhaineann leo a bhunú ar chaiteachas arna thabhú go hiarbhír;

(c) na rialuithe *ex post* a fhorbairt trí theicneolaíochtaí nua agus uirlisí TF a chur chun feidhme ar bhealach níos fearr agus trí mhisin ar an láthair a mhéadú

(d) cosaint bhuiséad an Aontais a áirithiú trí úsáid ghinearálta agus chórasach a bhaint as córais dhigiteacha agus uathoibrithe le haghaidh tuairiscithe, faireacháin agus iniúchta agus córas comhtháite agus idir-inoibritheach a bhunú go práinneach, ar córas é a chuirfidh leis na huirlisí agus na bunachair sonraí atá ann cheana ach nach mbeidh teoranta dóibh sin amháin;

(e) oibleagáidí a leagan síos do chonraitheoir an staidéir RER aon chalaois amhrasta i leith bhuiséad an Aontais a bhraitear le linn a chuid oibre ar an staidéar RER a thuairisciú don Choimisiún;

(f) ag spreagadh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chomhaontuithe trádála cothroma agus a bheith airdeallach i gcónaí i leith infheistíochtaí arna ndéanamh ag cumhachtaí eachtracha;

(g) aird ar leith a thabhairt ar an staid chasta sa Bhealarúis; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé athbhreithniú a dhéanamh ar chistiú an Aontais agus a áirithiú nach chuig réimeas Lukashenko a dhírítear é, ach chun tacú leis an tsochaí shibhialta sa Bhealarúis;

(h) prionsabal na coinníollachta a thabhairt isteach go hiomlán agus seiceálacha rialta *ex-ante* agus *ex-post* a dhéanamh ar rialtacht agus feidhmíocht chistí an Aontais chun tacaíocht a thabhairt do thríú tíortha agus creat dlíthiúil a áirithiú lena bhforáiltear do na hionstraimí tacaíochta sin ionas gur féidir cistí a aisghabháil ina n-iomláine i gcás ina n-aimsítear aon mhírialtachtaí;

(i) leanúint de thacaíocht a thabhairt don chlár COVAX chun dlús a chur le vacsaíniú i gcoinne COVID-19 i dtíortha i mbéal forbartha;

(j.) a áirithiú go mbeidh seachadadh na cabhrach seachtraí faoi réir an smachta reachta agus na hurraime do chearta an duine i dtíortha is faighteoirí;

(k) na rialacha agus na nósanna imeachta a shimpliú, seisiúin oiliúna éigeantacha agus faisnéis phraiticiúil a fhorbairt le haghaidh iarratasóirí, iarratasóirí nua go háirithe, agus feabhas a chur ar an gcúnamh agus ar na treoirlínte do FBManna, d'ollscoileanna, d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, do sheachghnólachtaí, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghníomhaireachtaí riaracháin agus íocaíochta agus do na geallsealbhóirí ábhartha go léir;

(l) a áirithiú go ndéanfar forálacha infheidhme an Rialacháin maidir le Coinníollacht an Smachta Reachta a chur i bhfeidhm go docht maidir le cistí nua IPA III agus maidir leis an bPlean Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, mar chuid fhíor-riachtanach chun cistí a dháileadh sa tréimhse 2021-2027;

(m) plean tacaíochta airgeadais a tharraingt suas don Úcráin lena chur ar a cumas téarnamh ón ionsaí neamhdhleathach arna dhéanamh ag réimeas Vladimir Putin;

Riarachán

177. ag tabhairt dá haire gurbh ionann íocaíochtaí faoi cheannteideal 5 de CAI maidir le "riarachán" agus EUR 10,3 billiún in 2020 (6.0 % de CAI). Is ionann an Coimisiún agus EUR 6,3 billiún (60,0 % de na híocaíochtaí faoin gceannteideal sin) agus is ionann caiteachas ar acmhainní daonna agus 68 % den mhéid sin;

178. ag tabhairt dá haire nár scrúdaigh an Chúirt ach 48 n-idirbheart a bhí ceaptha chun léiriú a thabhairt ar raon iomlán caiteachais faoin gceannteideal sin i roinnt institiúidí agus gur scrúdaigh sí freisin córais mhaoirseachta agus rialúcháin áirithe de chuid an Ombudsman Eorpaigh agus na Comhairle;

179. ag tabhairt dá haire go scrúdaíonn an Chúirt rialtacht na faisnéise sna tuarascálacha bliantúla ar ghníomhaíochtaí ón gCoimisiún, lena n-áirítear tuarascálacha ó na hardstiúrthóireachtaí agus ó na hoifigí atá freagrach go príomha as caiteachas riaracháin; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go measann an Chúirt nach raibh an leibhéal earráide sa chaiteachas ar "riarachán" ábhartha;

180. ag tabhairt dá haire gur aimsigh an Chúirt cúig earráid ina sampla i ndáil leis an gCoimisiún, agus gur bhain ceithre cinn acu sin le liúntais don fhoireann agus gur bhain ceann acu le ró-íocaíocht bheag i leith ceadúnais bogearraí;

181. á mheabhrú go bhfuil Oifig Phámháistir (PMO) an Choimisiúin freagrach, ar bhonn comhaontaithe ar leibhéal na seirbhíse, as fíorú a dhéanamh ar na coinníollacha dlíthiúla le haghaidh liúntas suiteála agus údarú íocaíochta do liúntas suiteála agus cónaithe do shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil de chuid an Aontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2016/300 ón gComhairle ([10]) an 29 Feabhra 2016 lena gcinntear díolaíochtaí shealbhóirí oifige poiblí ardleibhéil AE;

182. ag cur a himní in iúl maidir le ráta an-ard ceadaithe na n-iarrataí aistrithe isteach i bpoist san earnáil phríobháideach d'iarfhoireann an Choimisiúin, toisc go méadaíonn sé sin an dóchúlacht go dtarlódh coinbhleachtaí leasa; ag tathant ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartas i ndáil leis an méid sin;

183. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Coimisiún in 2020 8,001 iarratas tosaigh agus 309 iarratas dearbhúcháin ar rochtain ar dhoiciméid, agus gur deonaíodh rochtain iomlán nó páirteach in 81 % de na cásanna tosaigh, agus gur deonaíodh rochtain níos leithne nó rochtain iomlán fiú i níos mó ná 37 % de na cásanna a ndearnadh athbhreithniú orthu ag céim an dearbhúcháin;

184. ag tabhairt dá haire go bhfuil rialacha difriúla ag institiúidí an Aontais maidir le feithiclí oifigiúla a úsáid; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart na rialacha sin a chomhchuibhiú agus gur cheart rannchuidiú na n-úsáideoirí féin a mhéadú go leormhaith i ndáil leis na costais agus chun an buntáiste airgeadaíochta a bhaineann le húsáid den sórt sin a léiriú go cuí;

([10]) OJ L 58, 4.3.2016, p. 1.

185. á iarraidh ar an gCoimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun na moltaí uile ón gCúirt a chur chun feidhme agus tuarascáil a chur faoi bhráid na Parlaiminte maidir leis na forbairtí faoin 30 Meitheamh 2022;

186. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, go bhfuil easpa tuisceana ann laistigh d'fhóraim chinnteoireachta agus fhormheasa na comhscéime um árachas breoiteachta (JSIS) maidir le cóireálacha nua, treochtaí leighis nua agus drugaí nár formheasadh go fóill, ar drugaí iad a bhaineann go háirithe le nochtaí úra de néarghalair, neamhoird uath-imdhíonachtaa chomh maith le galair ailse; á iarraidh go ndéanfaidh na comhlachtaí ábhartha in JSIS na forbairtí leighis agus na gnóthachain eolais is déanaí a chur san áireamh go cuí agus go rialta agus liosta na gcóireálacha agus na ndrugaí incháilithe á thabhairt cothrom le dáta; á iarraidh ar JSIS níos mó solúbthachta a léiriú agus pictiúir chliniciúla á measúnú chomh maith le cóireáil agus teiripe ina dhiaidh sin a d'fhéadfadh cabhrú le hothar; á mholadh go dtabharfaí isteach sainghrúpaí, lena bhféadfar cóireálacha nach bhfuil formheasta go fóill, drugaí cógaisíochta, agus cógais a mheasúnú agus a fhormheas chun cáilíocht cóireála iarratasóirí a fheabhsú, an t-ualach maorlathach a laghdú, agus freastal ar an bhfaisnéis leighis is déanaí agus éilimh ar aisíocaíochtaí á láimhseáil; á chur i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas chun tosaigh sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht leighis agus, dá bhrí sin, go bhfuil sí den tuairim gur cheart an caighdeán sin a chur i bhfeidhm freisin maidir le cóir leighis a chur ar dhaoine faoi JSIS;

187. á chur in iúl gur cúis imní di, áfach, an easpa thromchúiseach trédhearcachta ón gCoimisiún maidir le vacsaíní a cheannach agus a dháileadh san Aontas le linn ghéarchéim COVID-19 in 2020; ag tabhairt dá haire, agus é ina chúis aiféala di, gur dhiúltaigh an Coimisiún rochtain phoiblí a thabhairt ar theachtaireachtaí téacs arna malartú idir Uachtarán an Choimisiúin agus POF na cuideachta cógaisíochta maidir le vacsaín COVID-19 a cheannach; ag tarraingt aird ar an bhfíoras go measann an tOmbudsman, bunaithe ar a chuid cinntí le linn an fhiosrúcháin ar an gcás seo, gurb ionann é agus drochriarachán;

188. ag tabhairt dá haire gur chaith an Coimisiún, mar thoradh ar phaindéim COVID-19, níos lú méideanna buiséid ar mhisin, ar chomhdhálacha agus ar chruinnithe, agus ar oiliúint freisin, in 2020 ná na méideanna a buiséadaíodh i mbuiséad 2020; ag tabhairt dá haire go ndearnadh cuid den choigilteas chomh maith le leithreasuithe ó réimsí eile caiteachais riaracháin a atreorú chuig riachtanais a bhain leis an bpaindéim, amhail trealamh TFC, lena n-áirítear chun trealamh oifige baile a sholáthar don fhoireann ar fad, agus caiteachas na seirbhíse leighis don fheachtas um vacsaíniú COVID, lena n-áirítear bearta sláintíochta sna hionaid cúraim leanaí;

189. á chur i bhfáth nach mór d'institiúidí uile an Aontais, agus go háirithe don Choimisiún, na critéir is airde um chosaint sonraí a urramú maidir le tairiscintí poiblí a phróiseáil agus maidir leis an earra nó leis an tseirbhís atá le soláthar, lena n-éilítear saineolas ar thaobh na n-oifigeach atá i gceannas;

Scoileanna Eorpacha

190. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, nár aimsigh an Chúirt earráidí ábhartha sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite chríochnaitheacha do 2020; ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, ina theannta sin go dtugann an Chúirt dá haire go bhfuil feabhas tagtha ar cháilíocht chuntais na Scoileanna i gcomparáid le blianta roimhe sin fiú má tá saincheisteanna á n-aimsiú go fóill ag an iniúchóir seachtrach;

191. á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, go n-aimsíonn an Chúirt laigí go fóill sna córais rialúcháin inmheánaigh, i réimse na hearcaíochta agus i réimse an tsoláthair araon;

192. ag tathant ar na Scoileanna Eorpacha obair leantach a dhéanamh go pras ar na moltaí ón gCúirt maidir leis an laige shonrach a fuarthas sa soláthar agus san earcaíocht;

193. ag leagan béim, maidir leis na scoileanna Eorpacha, ar an tábhacht a bhaineann le prionsabal na bliantúlachta a urramú agus le sprioc-amanna íocaíochta, rialacha soláthair agus trédhearcacht i nósanna imeachta earcaíochta a urramú;

Acmhainní daonna

194. á chur in iúl gur geal léi na tionscnaimh a rinne an Coimisiún chun an comhionannas inscne a áirithiú agus ag meabhrú thiomantas Uachtarán an Choimisiúin comhionannas inscne a bhaint amach ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh shaintéarma reatha an Choimisiúin, ar cuspóir é a dtacaíonn an Pharlaimint go hiomlán leis;

195. á chur i bhfios go láidir gur iarr sí ar an gCoimisiún cothromaíocht gheografach chothrom a áirithiú dá bhaill foirne ar gach leibhéal, go háirithe ar an leibhéal meánbhainistíochta agus ar an leibhéal bainistíochta sinsearaí ina bhfuil míchothromaíochtaí láidre i gcónaí, agus, ag an am céanna, na ceanglais sa Rialachán Foirne a chomhlíonadh i ndáil le hinniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí;

196. ag athdhearbhú dheacrachtaí institiúidí an Aontais i Lucsamburg baill foirne a earcú de réir a gcuid riachtanas agus ag meabhrú staidéar Eurostat inar léiríodh gur sháraigh an difríocht sa chumhacht cheannaigh idir Lucsamburg agus an Bhruiséil (25,4 %) an tairseach 5 % fiú nuair a eisíodh an tithíocht ó na ríomhanna;

197. á áitiú go gcuirfeadh an Coimisiún nós imeachta ceapacháin níos trédhearcaí chun feidhme do gach post, go mór mór poist a bhaineann le bainistíocht, go háirithe i gcomhthéacs na Straitéise nua Acmhainní Daonna;

198. á mheabhrú don Choimisiún go bhféadfadh rioscaí a bheith ag baint leis na Coimisinéirí a bheith i mbun gníomhaíochtaí nua agus á iarraidh ar an gCoimisiún aird shoiléir a thabhairt ar na cásanna sin;

199. á aithint go raibh tionchar ag paindéim COVID-19 ar fheidhmiú inmheánach agus ar bhainistiú bhuiséad an Choimisiúin le linn 2020;

200. ag athdhearbhú na conclúide ón gCúirt "nach féidir glacadh le haon iompar neamheiticiúil a dhéanann foireann agus baill institiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Le hiompar den sórt sin - fiú mura bhfuil ann ach líomhain - meallann sé aird an phobail go mór agus laghdaíonn sé an mhuinín a chuirtear san Aontas. Luaitear iompraíocht mhí-eiticiúil freisin leis an riosca éillithe agus calaoise";

201. ag athdhearbhú ábhar imní na Parlaiminte maidir le foirceannadh an chonartha leis an soláthraí seirbhísí bialainne, a bhris 400 oibrí as a bpost;

202. ag meabhrú ábhar imní na Parlaiminte faoin méadú atá ag teacht ar líon na mball foirne ar conradh arna bhfruiliú sa Choimisiún, agus faoi na rioscaí a bhaineann leis an aistriú agus, ina dhiaidh sin, le cailleadh eolais nuair a rachaidh a gconarthaí in éag, gan dearmad a dhéanamh ar pheirspictíocht ná ar shlándáil post na ngníomhairí ar conradh;

Moltaí

203. á iarraidh ar an gCoimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) obair leantach a dhéanamh ar an moladh ón gCúirt feabhas a chur ar a chóras maidir le liúntais reachtúla teaghlaigh a bhainistiú, lena n-áirítear trí sheiceálacha comhsheasmhachta treisithe a dhéanamh ar dhearbhuithe foirne maidir le liúntais a fhaightear ó fhoinsí eile;

(b) athbhreithniú a dhéanamh ar an sásra chun coinníollacha dlíthiúla an liúntais suiteála a fhíorú chun doiciméid eile a iarraidh mar fhianaise a mhéid is féidir maidir le comhréireacht agus príobháideachas, bunaithe ar an tuairim nach measfar gur fianaise leordhóthanach é conradh cíosa le haghaidh maoine nó conradh ceannaigh maoine de réir bhrí Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2016/300, mar go bhféadfadh an mhaoin sin a bheith i gcomhair úsáidí eile seachas príomháit chónaithe;

(c) leanúint dá chuid oibre chun an comhionannas inscne a áirithiú ar gach leibhéal bainistíochta faoi dheireadh shainordú reatha an Choimisiúin agus chun sonraí inscne-imdhealaithe a thuairisciú;

(d) leanúint dá chuid oibre chun cothromaíocht gheografach chóir a áirithiú dá fhoireann ar gach leibhéal agus, ag an am céanna, ag comhlíonadh na gceanglas sa rialachán foirne maidir le hinniúlachtaí agus tuillteanais na n-iarrthóirí;

(e) leanúint de thimpeallacht agus cultúr oibre níos ilchineálaí agus níos cuimsithí a fhorbairt trí ghníomhaíochtaí a dhéanamh i bhfabhar daoine faoi mhíchumas agus measúnú a dhéanamh ar na féidearthachtaí chun prionsabal an chomhionannais deiseanna a neartú agus a chomhtháthú tuilleadh san earcaíocht, san oiliúint, san fhorbairt gairme agus i ndálaí oibre chomh maith le feasacht na foirne ar na gnéithe sin a ardú;

(f) obair leantach a dhéanamh maidir leis na feabhsuithe agus na modhnuithe réasúnta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar fhoirgnimh na n-institiúidí (rochtain, trealamh leormhaith oifige) le haghaidh daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe nó atá faoi mhíchumas eile;

(g) sraith chomhchuibhithe rialacha a mholadh maidir le feithiclí oifigiúla a úsáid d'institiúidí, do chomhlachtaí agus d'orgáin uile an Aontais, lena n-áirítear méadú leordhóthanach ar ranníocaíocht na n-úsáideoirí féin i ndáil leis na costais, rud a léiríonn go cuí an buntáiste airgeadaíochta a bhaineann le húsáid den sórt sin;

(h) moladh an Ombudsman a chur i bhfeidhm i gcás ina ndiúltaíonn an Coimisiún rochtain phoiblí a thabhairt don phobal ar theachtaireachtaí téacs arna malartú idir Uachtarán an Choimisiúin agus POF cuideachta cógaisíochta maidir le vacsaín COVID-19 a cheannach (cás 1316/2021/MIG);

(i) aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb thromchúiseach sheanbhunaithe a bhaineann le hinnéacsú tuarastail i Lucsamburg trí ghníomh tarmligthe a ghlacadh chun an fhoráil ábhartha den rialachán foirne a cheartú;

(j) a áirithiú go gcuirfidh JSIS míniú comhleanúnach agus aonair ar fáil maidir le hiarraidh ar aisíocaíocht a dhiúltú; á chur in iúl gurb oth léi an nós a bhaineann le hiarraidh ar aisíocaíocht trí PDF a laghdú gan an deis a bheith ann agóid a dhéanamh go pearsanta i gcoinne an chinnidh; á iarraidh ar Oifig an Phámháistir an deis a thabhairt isteach do dhochtúirí atá i gceannas ar chóireáil iarratasóra labhairt leis an aonad freagrach JSIS nó leis an sainghrúpa chun míniú a thabhairt ar an gcóireáil agus ar na sochair leighis; á chur in iúl gur mian léi feabhas a chur ar a sholáimhsithe atá an feidhmchlár don úsáideoir ionas go bhféadfar iarrataí aonair a leanúint ar bhealach níos gasta agus níos dírí;

(k) na ceachtanna a foghlaimíodh ó ráig phaindéim COVID-19 a chomhtháthú sa straitéis inmheánach bainistíochta, ó thaobh leanúnachas gnó agus cur chuige bainistithe géarchéime, freagrúlacht TF, athléimneacht na heagraíochta, dualgas cúraim i leith a foirne, éifeachtacht na cumarsáide inmheánaí agus solúbthacht na bpróiseas oibre;

(l) a bheith ar thús cadhnaíochta i ndáil le sceithirí a chosaint, agus an bealach a réiteach do rialáil níos aonfhoirmí i measc na n-institiúidí go léir, bunaithe ar dhea-chleachtais agus ar chaighdeáin níos airde;

(m) ag moladh go láidir go ndéanfaí athbhreithniú ar na nósanna imeachta ainmniúcháin agus ceapacháin le haghaidh institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais d'fhonn na tuairimí arna gcur in iúl ag an gCoimisiún agus ag an bParlaimint, agus rannpháirtíocht dhaonlathach na ngeallsealbhóirí ábhartha, a neartú agus a urramú;

(n) an comhar leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i réimse an tsoláthair phoiblí a neartú agus a bharrfheabhsú, go háirithe maidir le hoiliúint oifigeach soláthair phoiblí;

(o) stádas comhairleoirí speisialta an Choimisiúin a dhéanamh níos trédhearcaí agus sainmhíniú soiléir a thabhairt ar a gcúraimí agus ar a misin, trí athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha reatha maidir le Comhairleoirí Speisialta;

204. á iarraidh ar lároifig na Scoileanna Eorpacha obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón gCúirt;